An Bord Pleanála




# Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais

# 2023

## Misean:

Ár gcion a dhéanamh mar chomhlacht náisiúnta neamhspleách ar bhealach neamhchlaonta, éifeachtach agus oscailte, lena áirithiú go bhfuil prionsabail na forbartha inbhuanaithe, lena n-áirítear cosaint an chomhshaoil, á n-urramú ag an bhforbairt fhisiciúil agus ag mórthionscnaimh bhonneagair in Éirinn.

## Mandáid:

Bunaíodh An Bord Pleanála i 1977 faoin Acht Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt) 1976 agus tá sé freagrach as achomhairc agus nithe áirithe eile a chinneadh faoi na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000 go 2022 agus as iarratais dhíreacha ar Bhonneagar Straitéiseach, iarratais dhíreacha faoin Acht um Pleanáil Limistéir Mhuirí 2021 agus forbairtí eile a chinneadh.

Tá sé freagrach freisin as déileáil le tograí le haghaidh tógáil éigeantach talaimh ag údaráis áitiúla agus ag daoine eile faoi achtacháin éagsúla. Déanann an Bord Pleanála cinntí ar achomhairc faoi na hAchtanna um Rialú Foirgníochta agus Thruailliú Uisce chomh maith.

# Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 2023

Chuig an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

I gcomhréir leis na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt (arna leasú), cuireann An Bord Pleanála a Thuarascáil Bhliantúil agus Cuntais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023 i láthair leis seo.



Peter Mullan
Cathaoirleach



Bríd Hill
Príomhoifigeach

Dáta: 23 Lúnasa 2024

# Achoimre 2023

| Oibríochtaí | 2023 | | 2022 | |
|---|---|---|---|---|
| Cásanna Pleanála Faighte | 3272 | | 3,059 | |
| Cásanna Pleanála Diúscartha | 3284 | | 2,115 | |
| Oibríochtaí | Faighte | Diúscartha | Faighte | Diúscartha |
| Gnáth-Achomhairc Phleanála | 2,035 | 2,126 | 2,297 | 1,465 |
| Forbairt Bonneagair Straitéisigh (Eintitis Phríobháideacha /Gealltóirí Reachtúla): Iomlán Cásanna | 116 | 102 | 117 | 94 |
| Forbairt Bonneagair Straitéisigh (Údaráis Áitiúla) | 49 | 34 | 43 | 27 |
| Tionscnaimh Údarás Áitiúil Eile[1] | 105 | 68 | 110 | 90 |
| Iarratais Forbartha Tithíochta Straitéisí | 0 | 42 | 135 | 80 |
| Tobhach Láithreáin Fholaimh | 23 | 25 | 31 | 52 |
| Cineálacha Eile Cásanna | 944 | 887 | 326 | 307 |
| Airgeadais | 2023 | | 2022 | |
| Ioncam | € | | € | |
| Deontas Oireachtais | 30,144,159 | | 21,552,007 | |
| Táillí / Aisghabháil | 5,482,145 | | 6,543,460 | |
| Eile[2] | 3,919,068 | | 3,802,847 | |
| Ioncam Iomlán | 39,545,372 | | 31,898,314 | |
| Caiteachas | 40,259,580 | | 34,933,927 | |
| Farasbarr / (Easnamh) don bhliain roimh leithghabhálacha | (714,208) | | (3,035,613) | |
| Aistriú ón / chuig an gCuntas Caipitil | 54,857 | | 322,441 | |
| Farasbarr / (Easnamh) don bhliain i ndiaidh leithghabhálacha | (659,351) | | (2,713,172) | |

[1] Measúnú Cuí san Áireamh
[2] Áirítear le Glanmhaoiniú Pinsin Iarchurtha, Ús ar Thaiscí agus Ioncam Ilghnéitheach.

# Osradharc 2023

| | |
|---|---|
| Cásanna Pleanála Faighte: | 3272 |
| Cásanna Pleanála Diúscartha*: | 3284 |
| Gnáth-Achomhairc Phleanála Faighte: | 2035 |
| Gnáth-Achomhairc Phleanála Diúscartha: | 2126 |
| Forbairt Chónaithe ar Mhórscála Diúscartha | 36 |
| Iarratais Forbartha Tithíochta Straitéisí Diúscartha: | 42 |
| Forbairtí Bonneagair Straitéisigh Diúscartha: | 136 |

*Breith Mhóraimh san Áireamh

| Tithíocht | Deonaithe | Aonaid | Diúltaithe |
|---|---|---|---|
| Tithíocht Straitéiseach (FTS) | 26 | 7,320 | 14 |
| Áit Chónaithe ar Mhórscála | 26 | 6,821 | 6 |
| Gnáth-Achomhairc Phleanála | 330 | 4,045 | 339 |
| **Foriomlán** | **382** | **18,186** | **359** |

# Clár Ábhar

Achoimre 2023

1. Cásobair agus Feidhmíocht Pleanála 10
   - Gach Cás Pleanála 11
   - Gnáth-Achomhairc Phleanála 13
   - Forbairt Chónaithe ar Mhórscála 14
   - Forbairt Bonneagair Straitéisigh 15
   - Forbairt Tithíochta Straitéisí 17
   - Pleanáil Limistéir Mhuirí 18
   - Cineálacha Eile Cásanna 19
   - Éisteachtaí ó Bhéal 19
   - Tuairiscí agus Moltaí 20
   - Tionscnaimh Leasa Choitinn 20
2. Gnóthaí Corparáideacha 22
   - Dlí 23
   - Comhlíonadh 27
3. Rialacha 29
   - Comhaltaí Boird 2023 30
   - Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit 31
   - Bainistíocht Rioscaí 31
   - Íocaíochtaí Prasa 31
   - Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine 32
   - Eitic in Oifigí Poiblí 32
   - Cothromaíocht Inscne, Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú 32
4. Tuarascáil Rialachais agus Ráitis Airgeadais 34
   - Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil chomhaltaí an Bhoird 35

# Ráiteas ón gCathaoirleach



**Ráiteas Tosaigh Tuarascáil Bhliantúil 2023**

Cheap an Rialtas mar Chathaoirleach an Bhoird Pleanála mé i mí Eanáir 2024.

Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais an Bhoird Pleanála don bhliain 2023 a chur i láthair, tuarascáil ina dtugtar mionchuntas ar ár gcuid oibre agus ar ár ráitis airgeadais don bhliain.

Agus é ag iarraidh a mhisean agus a shainordú a chomhlíonadh, leanann An Bord Pleanála de bheith á threorú ag bunluachanna eagraíochtúla an Neamhspleáchais agus na Neamhchlaontachta, na Gairmiúlachta agus an Ionracais, na Rannpháirtíochta agus na Trédhearcachta.

Agus sinn ag díriú ar dheisiú agus athnuachan laistigh den eagraíocht, is díol sásaimh dúinn an méadú 39% ar dheontas an Oireachtais in 2023. Chomh maith le hearcú suntasach foirne, neartaigh an Bord príomhghnéithe dár gcreat rialachais chorparáidigh agus cinnteoireachta. De réir mar a leanaimid den phlé láidir leis an riaráiste i gcomhaid phleanála, aithním go hiomlán go bhfuil i bhfad níos mó le déanamh le linn 2024 chun cinntí pleanála a sheachadadh laistigh de thréimhse ama réasúnta agus iontaofa.

Mar an buanchomhlacht achomhairc pleanála náisiúnta, déanann an Bord ionadaíocht don údarás pleanála deiridh sula dtéann sé ar iontaoibh an chórais bhreithiúnaigh. Dá bhrí sin, is cinnte go mbeidh ualach suntasach dlíthiúil agus costas gaolmhar ag gabháil leis an mBord mar fheidhm den réaltacht rialála pleanála náisiúnta seo. Measaim gur príomhthosaíocht é acmhainní a ghiaráil agus straitéisí a úsáid lena áirithiú go n-íoslaghdaítear na costais dhlíthiúla seo ar an Státchiste a mhéid is féidir.

In 2023, rinneadh 7.4 % d’iarratais phleanála náisiúnta a achomharc chuig an mBord agus rinneadh 69 % d’achomhairc phleanála náisiúnta a phróiseáil an Bord le linn 2023 a athrú nó a chur ar ceal, agus deimhníodh 30 % díobh. In éineacht leis an 31

údarás pleanála in Éirinn, is léir go leanann an Bord de sheirbhís phoiblí thábhachtach a chur ar fáil agus go bhfuil ról ríthábhachtach aige i bpleanáil chuí agus i bhforbairt inbhuanaithe na hÉireann.

**Ceapachán Comhaltaí Boird agus Foirne**

Idir mí Eanáir agus mí Aibreáin 2023, cheap an Rialtas 11 chomhalta Boird, rud a d'fhág go raibh teorainn reachtúil 15 chomhalta ar líon iomlán na gcomhaltaí Boird. Leis an acmhainneacht mhéadaithe sin, bhí an Bord in ann oibriú chun an riaráiste oibre a bhí tiomsaithe mar gheall ar laghdú ar líon na gcomhaltaí Boird ag deireadh 2022 agus go luath in 2023 a laghdú. Tá coinne, tar éis próiseas earcaíochta um Cheapacháin Phoiblí, go gceapfar comhaltaí Boird ar feadh téarma cúig bliana faoi R3 2024.

Fuarthas smachtbhanna le haghaidh 117 post nua ón Roinn, ag eascairt as Pleananna Lucht Saothair ó 2021 i leith, agus tá 109 acu líonta. Reáchtáladh feachtais earcaíochta shuntasacha in 2023 agus leanann siad ar aghaidh go 2024. Tá líon suntasach iarratasóirí ar na poist uile a fhógraítear á mhealladh ag an mBord.

Ag deireadh 2023, bhí 254 dhuine, lena n-áirítear comhaltaí Boird, ag obair san eagraíocht, i gcomparáid le 202 ag deireadh 2022, is é sin, méadú os cionn 25%. Nuair a bheidh na poist go léir líonta, lena n-áirítear folúntais a eascraíonn as gnáthchealú os cionn 300 ball foirne/comhalta boird, fostóidh an Bord iad, rud a fhágfaidh go mbeidh méadú níos mó ná 50% ar líon na mball foirne ag an mBord Pleanála ó 2021 i leith.

Rinneadh iarrachtaí suntasacha ar fud gach roinn den eagraíocht an t-ualach cásanna sin a laghdú le linn 2023 agus in 2024, ach ní mór tuilleadh oibre a dhéanamh chun comhlíonadh foriomlán na n-amlínte reachtúla a fheabhsú agus chun níos mó cinnteachta a thabhairt don phobal.

**Ualach Oibre agus Feidhmíocht**

In 2023, ba é 27,562 líon na n-iarratas pleanála a cinneadh ar fud na n-údarás pleanála go léir agus rinneadh achomharc chuig an mBord i gcoinne 2,035 (7.4%) díobh. Tháinig méadú ar líon iomlán na gcásanna a fuair an Bord (achomhairc agus iarratais dhíreacha araon) in 2023 7 % go 3,272 ó 3,059 in 2022. Áirítear leis an bhfigiúr sin níos mó ná 600 achomharc um Cháin Talún Criosaithe Cónaithe a fuarthas i mí na Bealtaine 2023. Ba é 3,284 an líon iomlán cásanna a cinneadh in 2023, méadú 55 % ar an mbliain roimhe sin (2,115). Faoi dheireadh na bliana, ba é 2,564 líon iomlán na gcásanna a bhí idir lámha, laghdú ó 2,580 in 2022.

Fuair An Bord Pleanála 52 achomharc bailí um Fhorbairt Chónaithe ar Mhórscála faoi alt 127 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, arna leasú. Le linn na bliana,

cuireadh 36 achomharc um Fhorbairt Chónaithe ar Mhórscála i gcrích. Cinneadh 32 go foirmiúil agus diúscraíodh 4 go neamhfhoirmiúil. Socraíodh gach cás seachas dhá chás laistigh den tréimhse 16 seachtaine.

### Oifig an Rialálaí Pleanála, Athbhreithniú ar an mBord Pleanála 2022

Tar éis athbhreithniú Oifig an Rialálaí Pleanála in 2022, rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le cur chun feidhme na moltaí sin. Bhí 11 mholadh sa chéad chéim agus bhí 23 mholadh eile sa dara céim.

Breithníodh moltaí maidir le rialuithe inmheánacha agus nithe ábhartha eile go hiomlán agus tugadh aghaidh orthu in 2023, lena n-áirítear glacadh le Cód Iompair athbhreithnithe an Bhoird Pleanála le dáta tosaithe an 1 Meán Fómhair 2023. Rinneadh athbhreithniú freisin in 2023 ar na beartais agus na nósanna imeachta atá ann cheana maidir le Frith-Chalaois agus Nochtadh Cosanta agus glacadh leaganacha nuashonraithe den dá cheann acu sin agus cuireadh tús leo ansin an 1 Nollaig 2023. Formheasadh beartas a bhaineann le próiseas dearbhaithe alt 147 atá ann cheana.

### Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara

Le linn 2023, tháinig méadú suntasach ar rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara le cruinnithe a tionóladh le hionadaithe eagraíochtaí neamhrialtasacha comhshaoil, Comhlachtaí Stáit, Comhlachtaí forordaithe, Ionadaithe Polaitiúla agus Grúpaí Gnó. Leanfar leis na cruinnithe seo le linn 2024. Tionóladh an chéad chruinniú den Ghrúpa Páirtithe Leasmhara Seachtracha mar a leagtar amach i moltaí Oifig an Rialálaí Pleanála é, ag deireadh mhí na Bealtaine 2024 le trasghearradh páirtithe leasmhara. Tá coinne go dtiocfaidh an grúpa seo le chéile dhá uair sa bhliain.

### Nóta Buíochais

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do rannchuidiú agus do thiomantas Oonagh Buckley nuair a ghlac sí seilbh uirthi féin mar Chathaoirleach Eatramhach i mí Eanáir 2023. Ag tráth dúshlánach i stair na heagraíochta, leag sí síos an bhunchloch chun an eagraíocht a athrú ó bhonn.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an bhfoireann agus leis na comhaltaí Boird go léir a chuir leis an obair mhór a rinneadh le linn 2023 agus ar léir dom a dtiomantas leanúint den dul chun cinn suntasach inár n-ualach cásanna agus an eagraíocht a chur ar ais chuig an bpointe gur laistigh den tréimhse oibiachtúil a dhéantar formhór na gcinntí.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Aire agus lena oifigigh sa Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta as an tacaíocht ar fad a thug siad i rith na bliana.

# 1. Cásobair agus Feidhmíocht Pleanála

- Gach Cás Pleanála
- Achomhairc Phleanála
- Forbairt Chónaithe ar Mhórscála
- Forbairt Bonneagair Straitéisigh
- Forbairt Tithíochta Straitéisí
- Pleanáil Limistéir Mhuirí
- Cineálacha Eile Cásanna
- Éisteachtaí ó Bhéal
- Tuairiscí agus Moltaí
- Tionscnaimh Leasa Choitinn

# Gach Cás Pleanála

In 2023, bhí an líon cásanna pleanála a fuarthas suas 7% go 3,272 ó 3,059 in 2022. Cuimsíonn an méadú seo ar iontógáil 648 cás Cánach Talún Criosaithe Cónaithe.

Ba é 3,284 an líon iomlán cásanna a cinneadh in 2023, méadú 55 % ar an mbliain roimhe sin (2,115). Faoi dheireadh na bliana, ba é 2,564 líon iomlán na gcásanna a bhí idir lámha, laghdú ó 2,580 in 2022.

**Fíor 1: Ionghabháil agus Diúscairt Cásanna 2019 - 2023**



## Tréimhsí Reachtúla Cinnteoireachta do Chásanna

*Leagtar síos i bhforálacha sna hAchtanna um Pleanáil, Rialú Foirgníochta agus Truailliú Uisce agus sna Rialacháin a dhéantar faoi na hAchtanna sin, mar chuspóir de chuid an Bhoird Pleanála, a mhéid is indéanta, go gcinnfear achomhairc agus nithe áirithe eile laistigh de thréimhsí sonraithe ama. I bhformhór na gcásanna, is 18 seachtaine atá i gceist; bíonn 4 mhí i gceist do chásanna áirithe agus i gcásanna eile ní bhíonn aon tréimhse reachtúil cinnteoireachta ann.*

In 2023, cinneadh 28 % de na cásanna pleanála uile laistigh den tréimhse oibiachtúil reachtúil (TOR) i gcomparáid le 45 % in 2022. Tháinig an laghdú ar chomhlíonadh an TOR chun cinn mar gheall ar roinnt tosca lena n-áirítear leibhéal castachta roinnt cineálacha cásanna agus dúshláin maidir le hacmhainní a chur ar fáil ar leibhéal na foirne agus ar leibhéal an Bhoird araon.

**Fíor 2: Comhlíonadh na tréimhse reachtúla cinnteoireachta 2019 - 2023**




**Diúscairt Cásanna i seachtainí**

Ba é 42.1 seachtain an meánlíon iomlán seachtainí a thóg sé chun gach cás pleanála a chinneadh in 2023.

# Gnáth-Achomhairc Phleanála

*Eascraíonn achomhairc phleanála as cinntí a dhéanann údaráis phleanála ar iarratais ar chead chun talamh a fhorbairt.*

Ba é 2,035 líon na n-achomharc pleanála a fuarthas in 2023, arb ionann é agus 62 % de na cásanna uile a cuireadh faoi bhráid an Bhoird, laghdú 262 ón líon a fuarthas in 2022 (2,297).

**Fíor 3: Achomhairc Phleanála - Ionghabháil agus Diúscairt 2019 - 2023**




Tháinig méadú ar líon na n-achomharc a diúscraíodh in 2023 an bhliain roimhe sin ag 2,126 (1,465 in 2022).

I measc na gcásanna a diúscraíodh tá achomhairc neamhbhailí, achomhairc a díbheadh agus achomhairc a tarraingíodh siar arbh fhiú 431 san iomlán iad. Bhí 240 de na cásanna sin neamhbhailí. Is achomhairc iad seo a dearbhaíodh a bheith neamhbhailí i gcás nár baineadh comhlíonadh critéar reachtúil áirithe amach, mar shampla, achomhairc dhéanacha, táillí míchearta, nó ar chúiseanna eile.

**Achomhairc de réir Ceantair**

Tá tábla d'achomhairc phleanála a fuarthas agus a cinneadh de réir ceantair ar fáil in **Aguisín 13B** den tuarascáil seo.

# Forbairt Chónaithe ar Mhórscála

*Tagann an tAcht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) (Forbairt Chónaithe ar Mhórscála), 2021 in ionad na reachtaíochta um Fhorbairt Tithíochta Straitéisí agus déantar foráil ann maidir le próiseas pleanála dhá chéim trí na húdaráis áitiúla agus ansin chuig an mBord ar achomharc. Tá cineál na bhforbairtí Fhorbairt Chónaithe ar Mhórscála cosúil leis an gcineál dá bhforáiltear faoin gcóras FTS e.g. (100 teach nó níos mó, 200 spás leapa nó níos mó do chóiríocht mac léinn nó 200 spás leapa nó níos mó d'aonaid chóiríochta roinnte)*

In 2023 fuair An Bord Pleanála 52 achomharc bailí um Fhorbairt Chónaithe ar Mhórscála faoi alt 127 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, arna leasú. Le linn na bliana, cuireadh 36 achomharc um Fhorbairt Chónaithe ar Mhórscála i gcrích. Cinneadh 32 go foirmiúil agus diúscraíodh 4 go neamhfhoirmiúil. As na 32 a diúscraíodh go foirmiúil, diúscraíodh 30 (94%) laistigh den tréimhse reachtúil 16 seachtaine.

# Forbairt Bonneagair Straitéisigh

*Rinne an tAcht um Pleanáil agus Forbairt (Bonneagar Straitéiseach) 2006 foráil d'iarratais dhíreacha a dhéanamh ar fhorbairt bonneagair straitéisigh bheartaithe phoiblí agus phríobháidigh chuig an mBord Pleanála.*

**Eintitis Phríobháideacha / Gealltóirí Reachtúla (Iarratais Phríobháideacha)**

Baineann na feidhmeanna sin le forbairtí ar mhórscála lena gcuimsítear bonneagar fuinnimh, iompair, comhshaoil agus sláinte. Cuireadh 38 n-iarratas (20 iarratas príobháideach) isteach in 2023, rud a d’fhág gur 241 (155 iarratas phríobháideacha) líon iomlán na n-iarratas a fuarthas ó tháinig na forálacha reachtacha i bhfeidhm in 2007.

Bhí comhlíonadh na tréimhse oibiachtúla reachtúla ábhartha chun cinntí a dhéanamh don chatagóir cásanna sin ag 7 % in 2023 (6 % in 2022), rud a léiríonn leibhéal na castachta agus gur minic a bhíonn gá le ham breise chun éisteachtaí a sheoladh agus chun tuilleadh faisnéise a lorg agus a mheas.

Le linn 2023, tugadh i gcrích 8 n-iarratas forbartha bonneagair straitéisigh phríobháidigh, 8 n-iarratas leictreachais agus 1 chás forbartha Stáit.

## Comhairliúchán Réamh-Iarratais

Sula gcuirtear iarratas isteach, tá sé éigeantach comhairliúchán réamhiarratais a bheith ann leis an mBord Pleanála (seachas le húdaráis áitiúla). In 2023, fuarthas 70 iarraidh ar chomhairliúcháin réamhiarratais le haghaidh cásanna forbartha bonneagair straitéisigh a d’fhéadfadh a bheith ann. Tionóladh 80 cruinniú, agus tugadh i gcrích 76 iarraidh.

## Údaráis Áitiúla

Fuarthas 22 iarratas bonneagair straitéisigh anuraidh (lena n-áirítear iarrataí tógála éigeantaí gaolmhara) ó údaráis áitiúla. Tugadh i gcrích 12 iarratas le linn 2023.

## Tógáil Éigeantach

Tugadh 68 gcás éadála éigeantaí i gcrích in 2023. Bhí 48 gcinneadh neamhfhoirmiúla ann nach bhfuarthas aon agóid ina gcoinne. As an 20 cás a cinneadh go foirmiúil, diúscraíodh ceann amháin laistigh den tréimhse oibiachtúil reachtúil.

## Measúnacht Chuí Údaráis Áitiúil

*Is éard is Measúnacht Chuí ann measúnú ar phoitéinseal plean nó tionscnaimh chun drochthionchar a imirt ar shláine láithreáin Eorpaigh ainmnithe i bhfianaise Chuspóirí Caomhantais na láithreán a bhfuil cosaint acu faoi Threoir an Aontais Eorpaigh maidir le Gnáthóga. Sa chás go bhfuil Measúnacht Chuí de dhíth ar thionscnamh údaráis áitiúil nó sa chás gur gá a chinneadh an bhfuil Measúnacht Chuí de dhíth nó nach bhfuil, is é An Bord Pleanála an tÚdarás Inniúil.*

In 2023, fuarthas 46 chás Measúnachta Cuí agus tugadh i gcrích 25 chás. As na 25 chás sin, ceadaíodh 15 chás, diúltaíodh do 2 chás, cinneadh nach raibh Ráiteas Tionchair Natura (RTN) ag teastáil ó 6 chás, cinneadh go raibh Ráiteas Tionchair Natura ag teastáil ó 1 chás agus diúscraíodh 1 chás ar shlí eile (1 chás a tarraingíodh siar).

# Forbairt Tithíochta Straitéisí

*Ceanglaítear leis an Acht um Pleanáil agus Forbairt (Tithíocht) agus um Thionóntachtaí Cónaithe, 2016 (arna leasú leis an Acht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú), 2018) go ndéanfar iarratais áirithe ar fhorbairtí straitéiseacha tithíochta (100 teach nó níos mó, 200 spás leapa nó níos mó le haghaidh cóiríocht do mhic léinn nó 200 spás leapa nó níos mó le haghaidh aonaid chóiríochta chomhroinnte) go díreach chuig an mBord Pleanála.*

## Iarratais

Cé gur tháinig an córas Forbartha Cónaithe ar mhórscála in ionad an phróisis Iarratais ar Fhorbairt Tithíochta Straitéisí (FTS) go príomha in 2022, fuair An Bord Pleanála líon suntasach cásanna FTS in 2022 agus bhí a bhformhór fós le próiseáil agus le cinneadh in 2023.

Le linn 2023, rinne an Bord 42 chás den sórt sin a dhiúscairt agus rinne sé cinneadh foirmiúil maidir le 40 cás. Cinneadh cás amháin den sórt sin laistigh den tréimhse oibiachtúil reachtúil 16 seachtaine agus chuaigh an chuid eile níos faide ná an tréimhse sin. Ag deireadh 2023 bhí 56 iarratas FTS den sórt sin fós idir lámha. Bíonn tionchar ag saincheisteanna dlíthiúla áirithe maidir le timthriall an phlean forbartha ar roinnt de na cásanna sin. Dhéileáil breithiúnas ón gCúirt Uachtarach i mí Aibreáin 2024 le gnéithe áirithe de na saincheisteanna sin. Tá sé beartaithe ag an mBord na cásanna FTS eile a dhiúscairt in 2024.

# Pleanáil Limistéir Mhuirí

*Baineann pleanáil agus forbairt mhuirí le forbairt laistigh den limistéar muirí a bhfuil próiseas dhá chéim i gceist leis ina gceanglaítear ar an iarratasóir a bheith ina shealbhóir ar thoiliú limistéir mhuirí nó ar cheadúnas dobharshaothraithe agus, ina dhiaidh sin, is féidir iarratas díreach a dhéanamh chuig an mBord Pleanála ar chead.*

Ba é an Bord Pleanála an t-údarás toilithe d'iarratais ar Phleanáil Limistéir Mhuirí in 2023. Sula ndéanfaidh sé nó sí iarratas ar chead Pleanála Limistéir Mhuirí chuig an mBord faoi alt 291 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 arna leasú, ní mór don iarratasóir ionchasach dul i mbun comhairliúcháin leis an mBord Pleanála faoi alt 287 den Acht. Mar chuid de na comhairliúcháin, is féidir leis an iarratasóir ionchasach cruinniú a iarraidh leis an mBord chun a thuairim a fháil maidir le solúbthacht rogha dearaidh* i ndáil leis an iarratas. Tá sé seo leagtha amach in alt 287A agus 287B den Acht.

Amhail an 31 Nollaig 2023, cuireadh 12 chomhairliúchán réamhiarratais san iomlán faoi bhráid an Bhoird (cuireadh 2 cheann acu isteach in 2022). As an 12 chomhairliúchán réamhiarratais, baineann 5 cinn díobh le solúbthacht rogha dearaidh. Tarraingíodh cás amháin siar le linn 2023.

Ag féachaint do chineál, do scála agus do chastacht na saincheisteanna a ardaíodh maidir leis na forbairtí beartaithe, reáchtáladh roinnt cruinnithe comhairliúcháin réamhiarratais faoi alt 287 i ngach cás. I ndáil leis an méid sin, tionóladh 27 gcruinniú san iomlán in 2023, agus baineann cúig cinn acu le solúbthacht rogha dearaidh.

*Chomh maith le solúbthacht rogha dearaidh do chineálacha cásanna Pleanála Muirí, déantar foráil anois maidir le solúbthacht rogha dearaidh i ngach cineál cáis de dhroim Rialacháin an Achta um Pleanáil agus Forbairt (Leasú Uimh.3) 2023.

# Cineálacha Eile Cásanna

## Cáin Talún Criosaithe Cónaithe (CTCC)

*Is cáin nua í an Cháin Talún Criosanna Cónaithe atá dírithe ar sholáthar tithíochta a mhéadú trí thailte forbartha cónaithe criosaithe, seirbhísithe (lena n-áirítear tailte úsáide meascatha) a ghníomhachtú le haghaidh tithíochta. Tá sé mar aidhm aige freisin spreagadh a thabhairt d'úinéirí talún ceadanna pleanála atá ann cheana a úsáid le haghaidh tithíochta.*

In 2023, fuarthas 648 iarratas CTCC san iomlán. I rith na bliana, cinneadh 614 go foirmiúil, rinneadh 26 a dhiúscairt go neamhfhoirmiúil, agus d'fhan 8 ar láimh.

# Éisteachtaí ó Bhéal

*Déileáiltear le hachomhairc agus le hatreoraithe de ghnáth ar bhonn aighneachtaí scríofa ó na páirtithe, mar aon le hiniúchadh láithreáin ag cigire arna cheapadh ag an mBord Pleanála. Cé go bhfuil sé de rogha ag an mBord cinneadh a dhéanamh éisteacht ó bhéal a thionól maidir le cás ar bith atá os a chomhair, reáchtáiltear éisteachtaí ó bhéal uaireanta maidir le cásanna a bhaineann le hOrdú Ceannaigh Éigeantaigh (OCÉ), le hiarratais ar bhonneagar straitéiseach agus le cásanna eile atá casta agus/nó ar scála mór.*

Le linn 2023, tionóladh 7 n-éisteacht ó bhéal. Astu sin, bhain 5 cinn le horduithe ceannaigh éigeantaigh. Bhain éisteacht amháin le hiarratas iarnróid um fhorbairt bonneagair straitéisigh, agus bhain 1 éisteacht amháin eile le hachomharc pleanála.

**Tábla 1: Éisteachtaí ó Bhéal a Tionóladh**

| Cineál Cáis | 2023 | 2022 | 2021 | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|
| **OCÉ** | 5 | 9 | 16 | 8 | 30 |
| **SID / LAP** | 1 | 2* | 1 | 7 | 8 |
| **FTS** | 0 | 2 | 1 | 4 | 2 |
| **Achomhairc** | 1 | 1 | 0 | 0 | 4 |
| **SDZ** | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **Iomlán** | 7 | 13 | 18 | 19 | 44 |

*Comhcheanglaíodh éisteacht ó bhéal d'Fhorbairt Bóthair Údaráis Áitiúil le héisteacht ó bhéal OCÉ ghaolmhar agus dá bhrí sin áiríodh mar aon éisteacht amháin í. Léirítear é sin i líon iomlán na n-éisteachtaí ó bhéal in 2022.

# Tuairiscí agus Moltaí

*De ghnáth, déanann Bord an Bhoird Pleanála cinntí ar gach achomharc agus iarratas bailí de bhun tuarascálacha, lena n-áirítear moltaí, arna n-ullmhú ag cigirí. Ceaptar cigirí seachtracha i líon beag sainréimsí oibre ar nós cásanna um Shábháilteacht ó Dhóiteán agus Rochtain do Dhaoine faoi Mhíchumas, nó mar speisialtóirí - mar shampla: hidreolaithe – chun cúnamh a thabhairt do chigirí tuairiscithe inmheánacha maidir le gnéithe de chásanna pleanála ar leith.*

Ullmhaíodh líon iomlán 2,779 dtuarascáil ó chigire don Bhord in 2023, méadú ar an 1,966 tuarascáil a ullmhaíodh in 2022. D'ullmhaigh cigirí inmheánacha tromlach 2,388 (1,927 in 2022). D'ullmhaigh cigirí tuairiscithe sheachtraigh 391 thuarascáil don Bhord in 2023 (38 dtuarascáil in 2022).

In 2023, ghlac an Bord go ginearálta le 90 % de na moltaí a rinne na cigirí, méadú beag ar an nglacadh 89 % a bhí ann sa bhliain 2022.

# Tionscnaimh Leasa Choitinn

*Is é An Bord Pleanála an tÚdarás Inniúil Náisiúnta do Thionscnaimh Leasa Choitinn agus do Thionscnaimh Leasa Fhrithpháirtigh faoi Rialachán Eorpach 2022/869 ar threoirlínte do bhonneagar fuinnimh tras-Eorpach. Baineann an Rialachán seo le rialacha an Aontais Eorpaigh chun bonneagar fuinnimh trasteorann na mBallstát a nuachóiriú, a dhícharbónú agus a idirnascadh d'fhonn cabhrú leis an Aontas Eorpach a chuspóirí aeráidneodrachta do 2050 a bhaint amach le haghaidh tionscnaimh fuinnimh, ar cuspóirí iad atá ar liosta tionscnamh de chuid an Aontais arna ghlacadh ag an gCoimisiún Eorpach.*

In 2023, d'fhoilsigh an Bord Pleanála mar Údarás Inniúil Náisiúnta lámhleabhar nuashonraithe nósanna imeachta don phróiseas deonaithe ceadanna is infheidhme maidir le tionscnaimh ar liosta an Aontais. Tá an leabhrán seo ar fáil ar ár suíomh gréasáin.

**Stáisiún Cumhachta Hidrileictreach Béal Átha Gabhann**

Liostaítear stáisiún cumhachta hidrileictreach ag Béal Átha Gabhann, Contae Thiobraid Árann ag uimhir 1.13 ar liosta an Aontais (uimhir 2.29 ar liosta TLC). I mí na Samhna 2023, dhiúltaigh An Bord Pleanála (an tÚdarás Náisiúnta Inniúil), thar

ceann na n-údarás lena mbaineann faoin scéim chomhoibríoch, don fhógra go rachadh an tionscadal isteach sa phróiseas deonaithe ceadanna faoi Chaibidil III den Rialachán toisc nár measadh go raibh an tionscnamh aibí go leor chun dul isteach sa phróiseas.

# 2. Gnóthaí Corparáideacha

- Dlí
- Comhlíonadh

# Dlí

Tá feabhas curtha ag an mBord Pleanála ar a chumas dlíthiúil maidir le castacht na cinnteoireachta i gcúrsaí pleanála agus comhshaoil a thabhairt san áireamh. Cuireann an Roinn Gnóthaí Dlí comhairle agus oiliúint ar fáil ar shaincheisteanna dlí a thagann chun cinn i bpleanáil agus i ndlí an chomhshaoil, chomh maith le cinnteoireacht níos ginearálta.

Oibríonn an fhoireann um Ghnóthaí Dlíthiúla ar fud gach cuid den Bhord chun obair an Bhoird a ailíniú le cinntí agus fasaigh na nUaschúirteanna agus chun foghlaim ó bhreithiúnais na Cúirte.

Cosnaíonn an Bord a chinntí in athbhreithniú breithiúnach, cibé acu deonú ceada nó diúltú a bhí i gcinneadh an Bhoird. Is cuid é sin de ról dlí poiblí an Bhoird agus den gá atá le cinnteacht i bpleanáil agus i ndlí an chomhshaoil.

Má mheasann sé go bhfuil éiglíocht ag baint le cinneadh, déanfaidh an Bord measúnú ar cé acu a ghéillfidh nó nach ngéillfidh sé d'fhoras *certiorari* nó d'fhoras faoisimh eile. Tá a nósanna imeachta leasaithe ag an mBord chun a áirithiú go ndéanfar cás a ghéilltear a chur ar aghaidh go héifeachtach, ionas go ndéanfar é a athbhreithniú go tapa.

Mar a leagtar amach sa Tuarascáil Bhliantúil, is éard a bhí i gcaiteachas dlíthiúil an Bhoird in 2023 costas na comhairle dlí a fuair an Bord agus na costais a eascraíonn as athbhreithniú breithiúnach, a chostais féin agus na costais a dámhadh in aghaidh an Bhoird araon.

Tá sé mar thoradh ar bhreithiúnas *Heather Hill* na Cúirte Uachtaraí nach n-aisíocfaidh an Bord a chostais, fiú má bhuann sé, i gcás go bhfuil forais chomhshaoil ann, rud a bhíonn ann i bhformhór na gcásanna. Aisghabhfaidh an t-iarratasóir ar athbhreithniú breithiúnach costais má éiríonn leo ach ní bheidh siad faoi dhliteanas i leith costas má chailleann siad. Bíonn sé seo i gceist san athbhreithniú breithiúnach amháin. Tacaíonn an Bord le tionscnaimh amhail an Sásra Cúnaimh Airgeadais um Chostais Dhlíthiúla Chomhshaoil.

Glacann an Bord na céimeanna seo a leanas chun a chostais dlí a laghdú. Chomh maith le cásanna ina n-aithnítear éiglíocht a ghéilleadh, féachann an Bord le costais dlí in-aisghabhála a aisghabháil. Déanann an Bord costais dlí a thagarmharcáil agus déanann sé díospóidí a atreorú chuig breithniú costas dlí. Laghdaíonn an Bord a eisíocaíocht ar chostais dhlíthiúla trí chaibidlíocht shuntasach a dhéanamh ar éilimh tríú páirtí.

Aithníonn an Bord an rannchuidiú tábhachtach a fuair sé ó na gnólachtaí aturnae ar conradh agus an díorma abhcóidí a ghníomhaíonn thar ceann an Bhoird.

Ba é 93 líon na n-athbhreithnithe breithiúnacha a rinneadh i gcoinne an Bhoird a taisceadh leis an bPríomh-Oifig in 2023. Ba é 86 líon na n-athbhreithnithe breithiúnacha a seirbheáladh ar an mBord in 2023, lena n-áirítear roinnt cásanna a comhdaíodh in 2022 leis an bPríomh-Oifig.

**Tábla 2 - Líon na n-athbhreithnithe breithiúnacha a seirbheáladh ar an mBord in 2023: 86**

| | | | |
|---|---|---|---|
| CTCC | 21 | Trádáil | 14 |
| Láithreán Folamh | 1 | Crainn teileachumarsáide | 10 |
| FTS | 12 | Fuinneamh Gaoithe | 5 |
| Fhorbairt Chónaithe ar Mhórscála | 3 | Dramhaíl | 3 |
| Mórthithíocht | 10 | Bonneagar | 2 |
| Tithíocht aonair | 5 | | |

**Tábla 3 - Cásanna a tugadh i gcrích in 2023: 94**

| Catagóir | Bhuaigh AB | Chaill AB | Ghéill AB | Tarraingíodh AB |
|---|---|---|---|---|
| FTS | 4 | 5 | 14 | 11 |
| Mórthithíocht | 2 | 4 | 2 | 4 |
| Tithíocht aonair | 1 | 0 | 2 | 2 |
| Trádáil | 4 | 2 | 7 | 1 |
| Crainn teileachumarsáide | 3 | 0 | 4 | 1 |
| Fuinneamh Gaoithe | 1 | 0 | 3 | 2 |
| Bonneagar | 1 | 0 | 2 | 3 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Cairéal | 2 | 0 | 0 | 2 |
| Fuinneamh in-athnuaite | 0 | 0 | 2 | 0 |
| Láithreán Folamh | 0 | 0 | 1 | 2 |
| **Iomlán** | **18** | **11** | **37** | **28** |

In 2023, rinneadh 86 iarratas ar athbhreithniú breithiúnach ar chinntí an Bhoird chuig an Ard-Chúirt. Tugadh 29 mbreithiúnas cúirte shubstainteacha in 2023, agus sheas 18 gcinn díobh le dlíthiúlacht chinneadh an Bhoird agus fuarthas 11 díobh in aghaidh an Bhoird agus chuir siad an cinneadh ábhartha ar neamhní.

Ghéill an Bord do 37 n-agóid dlí in 2023 agus tharraing na hiarratasóirí ar athbhreithniú breithiúnach 28 díobh siar le linn na bliana.

**Tábla 4 - Bliain thionscnaimh na n-athbhreithnithe breithiúnacha a tugadh i gcrích in 2023: 94**

| Athbhreithniú breithiúnach bliana a tionscnaíodh | Líon athbhreithnithe breithiúnacha |
|---|---|
| 2013 | 1 |
| 2018 | 1 |
| 2019 | 4 |
| 2020 | 8 |
| 2021 | 29 |
| 2022 | 36 |
| 2023 | 15 |

**Tábla 5 - Bliain thionscnaimh na n-athbhreithnithe breithiúnacha a cailleadh nó a géilleadh in 2023: 48**

| Athbhreithniú breithiúnach bliana a tionscnaíodh | Líon athbhreithnithe breithiúnacha |
|---|---|
| 2021 | 20 |
| 2022 | 18 |
| 2023 | 10 |

Maidir le forbairtí mórthithíochta nó FTS, leagtar amach i dTábla 6 na cúiseanna a gcailleann nó a ngéilleann an Bord do dheonú ceada (d'fhéadfadh níos mó ná cúis amháin a bheith ann).

**Tábla 6 - Cúiseanna**

| Tábla Cúiseanna | | | |
|---|---|---|---|
| Réasúnaíocht | 3 | Airde | 1 |
| Dlús | 3 | Struchtúr faoi chosaint | 1 |
| Oibleagáidí comhshaoil | 3 | Fálta sceach | 1 |
| Solas an lae / solas na gréine | 3 | Trácht | 1 |
| Nós imeachta | 2 | Sárú Ábhartha - scoil | 1 |
| Spás oscailte poiblí | 2 | Riosca tuile | 1 |
| Zónáil | 2 | | |

# Comhlíonadh

**Saoráil Faisnéise (SF) agus Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol (RFC)**

Forálann na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, an tAcht um Shaoráil Faisnéise agus na Rialacháin um Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol do rochtain ar fhaisnéis áirithe faoi oibríochtaí an Bhoird Pleanála.

**Tábla 7 – Iarraidh ASF/RFC in 2023**

| Iarratais ASF / RFC | 2023 | 2022 | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|---|
| | ASF | ASF | RFC | RFC |
| Iarrataí a fuarthas | 99 | 128 | 36 | 24 |
| Deonaithe | 19 | 47 | 13 | 9 |
| Deontaithe i bPáirt | 36 | 49 | 13 | 3 |
| Diúltaithe | 44 | 24 | 10 | 12 |

## Idirchaidreamh le Comhaltaí an Oireachtais

Tá socruithe i bhfeidhm ag an mBord Pleanála chun faisnéis a sholáthar do chomhaltaí an Oireachtais ach í a iarraidh. In 2023, fuarthas 19 gceist ó chomhaltaí den Oireachtas. Foilsítear freagraí ar cheisteanna ar bhonn ráithiúil ar ár suíomh gréasáin.

## An Ghaeilge

Tá An Bord Pleanála tiomanta go hiomlán a oibleagáidí agus a ghealltanais a chomhlíonadh maidir le comhionannas teanga oifigiúil faoi Achtanna na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus 2021, na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt agus a Phlean Gníomhaíochta do Chustaiméirí agus a Scéim Teanga.

**Éifeachtúlacht Fuinnimh**

**Tábla 8 - Sonraí Fuinnimh 2023**

| | 2023 | Bunlíne 2006-2008 | athrú % |
|---|---|---|---|
| Úsáid Fuinnimh | **392,275 kWh** | **742,877 kWh** | **(61.77%)** |
| Astaíochtaí CO2 | **108,725 kg** | **457,941 kg** | **(60.4%)** |

Ba é 402,950 kWh ár n-úsáid Fuinnimh Chomhcheangailte in 2022 agus in 2023 ba é 392,275 é, rud arbh é an toradh a bhí air laghdú 2.7 % ar úsáid fuinnimh chomhcheangailte. Tá sé mar aidhm againn laghdú 5% a bhaint amach ón tréimhse 2023-2024.

Sháraigh An Bord Pleanála a sprioc do chlár Fuinnimh na hEarnála Poiblí (Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann) 2023. Leanann An Bord Pleanála de mhonatóireacht a dhéanamh agus de bheith tiomanta d'éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú ar aon dul le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann.

Tá an foirgneamh i gcatagóir B2 den scéim rátála fuinnimh foirgneamh (RFF), feabhas ar ár gcatagóir B3 roimhe seo in 2022.

Áirítear an méid seo a leanas ar na gníomhaíochtaí a rinneadh chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú in 2023:

- Leanúint de shoilsiú LED agus córais inslithe theirmigh poilisicianúráite a shuiteáil laistigh den fhoirgneamh mar mhalairt ar chórais nach bhfuil chomh tíosach céanna ar fhuinneamh.
- Suirbhé ar Fhuinneamh Soilsithe a dhéanamh agus plean a dhearadh le haghaidh soilsiú atá níos tíosaí ar fhuinneamh do limistéir phlean oscailte.
- Teochtaí téimh a rianú agus a choigeartú, lena n-áirítear amanna tosaigh agus deiridh. Agus aird á tabhairt freisin ar theochtaí seachtracha, ar dhálaí aimsire agus ar áitíocht oifige.

Áirítear an méid seo a leanas ar na gníomhaíochtaí atá beartaithe do 2024:

- Soilse LED a rolladh amach ar fud an fhoirgnimh, chun córais níos sine nach bhfuil chomh tíosach ar fhuinneamh a athsholáthar.
- Athbhreithniú agus cur chun feidhme a dhéanamh ar na gníomhartha atá leagtha amach i dTreochlár an Bhoird Pleanála um Ghníomhú ar son na hAeráide i gcomhréir le hoibleagáidí na heagraíochta faoi Straitéis na hEarnála Poiblí um Ghníomhú ar son na hAeráide 2023-2025.

# 3. Rialacha

- Comhaltaí an Bhoird
- Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit
- Plean Straitéiseach
- Bainistíocht Rioscaí
- Íocaíochtaí Prasa
- Comhionannas san Earnáil Phoiblí agus Dínit Chearta an Duine
- Eitic in Oifigí Poiblí
- Cothromaíocht Inscne, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú

# Comhaltaí Boird 2023


**Oonagh Buckley**
Leas-Chathaoirleach Eatramhach*


**Peter Mullen***
Cathaoirleach Eatramhach*


**Chris McGarry**
Leas-Chathaoirleach*


**Stephen Bohan**
Gnáthbhall


**Patricia Calleary**
Gnáthbhall


**Eamonn James Kelly**
Gnáthbhall


**Eamonn Patrick Kelly**
Gnáthbhall*


**Joe Boland**
Gnáthbhall


**Liam Bergin**
Gnáthbhall


**Michelle Fagan**
Gnáthbhall*


**Maria FitzGerald**
Gnáthbhall*


**Martina Hennessy**
Gnáthbhall


**Mary Cregg**
Gnáthbhall


**Una Crosse**
Gnáthbhall


**Mary Henchy**
Gnáthbhall


**Mick Long**
Gnáthbhall


**Stephen Brophy**
Gnáthbhall


**Stewart Logan**
Gnáthbhall


**Tom Rabbette**
Gnáthbhall

*Féach an **Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil chomhaltaí an Bhoird** chun an t-eolas is déanaí a fháil faoi ghluaiseachtaí an Bhoird.

# Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit

Leanann Rialachas Corparáideach sa Bhord Pleanála riachtanais ábhartha an Chóid Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016. Tá An Bord Pleanála tiomanta d'athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar a pholasaithe rialachais agus ar a nósanna imeachta rialachais agus d'oiliúint agus treoir athnuachana cothrom le dáta a fháil chun a áirithiú go bhfuiltear ag cloí go leanúnach leis an dea-chleachtas sa réimse seo.

Tá athbhreithniú déanta ag an mBord Pleanála ar shocruithe agus nósanna imeachta rialachais chun ailíniú cuí le gach foráil ábhartha de Chód 2016 a áirithiú.

Bunaíodh Feidhm nua Eitice Rialachais agus Comhlíontachta le hOifigeach Eitice agus le hOifigeach Comhlíontachta tar éis moltaí i dTuarascálacha Athbhreithnithe Oifig an Rialálaí Pleanála 2022.

# Plean Straitéiseach

Chuir an Bord síneadh foirmiúil le Plean Straitéiseach 2018 – 2023 go dtí deireadh 2024 i mí na Nollag 2023 i bhfianaise na gluaiseachta i gcomhaltas an Bhoird le linn 2023. Tá tús curtha leis an obair ar Phlean Straitéiseach nua do 2025 – 2030 agus áireofar inti aon athruithe struchtúracha suntasacha atá leagtha amach sa Bhille um Pleanáil agus Forbairt 2023.

# Bainistíocht Rioscaí

Is príomhthosaíochtaí iad bainistiú riosca agus struchtúir agus nósanna imeachta rialachais gaolmhara. Tá an Bord freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar bhainistíocht riosca laistigh den eagraíocht, inghlacthacht riosca na heagraíochta a chinneadh, agus Clár Riosca Corparáideach a chothabháil i rith na bliana.

# Íocaíochtaí Prasa

Tagann An Bord Pleanála faoi raon feidhme an Achta um Íoc Pras Cuntas 1997, arna leasú le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002.

Foilsíonn An Bord Pleanála a thuarascálacha ráithiúla maidir le hÍocaíochtaí Pras ar a láithreán gréasáin.

# Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine

Le hAlt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014 forchuirtear dualgas reachtúil ar chomhlachtaí poiblí le linn dóibh a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh aird a thabhairt ar an ngá atá ann:

- Deireadh a chur le hidirdhealú.
- Comhionannas deiseanna agus cóireála a chur chun cinn do bhaill foirne agus do dhaoine a gcuireann sé seirbhísí ar fáil dóibh - tá ár nOifigeach Rochtana ar fáil chun rochtain ar ár seirbhísí a éascú do gach duine den phobal a mhéid is réasúnta agus is indéanta.
- Cearta daonna na mball foirne agus na n-úsáideoirí seirbhíse a chosaint.

# Eitic in Oifigí Poiblí

Tagann An Bord Pleanála faoi raon feidhme na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus 2001 agus tá nósanna imeachta glactha aige chun cloí leis na hAchtanna. Nuair is gá, tá ráitis leasa comhlánaithe ag comhaltaí agus foireann an Bhoird i gcomhlíonadh fhorálacha na nAchtanna.

# Cothromaíocht Inscne, Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú

## Cothromaíocht Inscne, Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú

An 31Nollaig 2023, ba mhná iad 57 % den eagraíocht agus ba fhir iad 43 % di.

Ba é an miondealú inscne ar an gCoiste Bainistíochta 35% de mhná agus 65% d'fhir.

Ba é an miondealú inscne ar an mBord 38% de mhná agus 62% d'fhir. Ní áirítear leis an bhfigiúr sin an Cathaoirleach agus an Leas-Chathaoirleach a bhfuil cuntas orthu i bhfigiúr an Choiste Bainistíochta.

Tá straitéisí leanúnacha ann chun feasacht agus inrochtaineacht san oifig a fheabhsú, straitéisí a bhfuil sé mar aidhm leo feasacht fostaithe a ardú, cur chun feidhme dea-chleachtas a éascú, agus ionad oibre níos cuimsithí a chothú. Tá straitéis EDI á hullmhú chun treochlár 5 bliana a chur ar fáil chun ábhair a bhaineann le Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú a chur chun cinn agus forbairt a dhéanamh orthu. Cloíonn An Bord Pleanála go hiomlán le Cuid 5 den Acht um Míchumas agus lenár gceanglais faoin reachtaíocht chomhionannais.

Leanann an Bord de na bearta is gá a dhéanamh chun baic ar dhaoine faoi mhíchumas san ionad oibre a laghdú nó deireadh a chur leo ag gach céim de shaolré an fhostaí, lena n-áirítear earcaíocht.

# 4. Tuarascáil Rialachais agus Ráitis Airgeadais

- Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil chomhaltaí an Bhoird
- Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach
- Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe
- Ráiteas Ioncaim Chuimsithigh
- Ráiteas ar an Staid Airgeadais
- Ráiteas Sreabhaidh Airgid
- Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

# Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil chomhaltaí an Bhoird

## Rialacha

Bunaíodh An Bord Pleanála faoin Acht Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt), 1976. Tá An Bord Pleanála freagrach as achomhairc agus nithe áirithe eile a chinneadh faoi na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, 2000 go 2023 agus as iarratais dhíreacha ar Fhorbairt Tithíochta Straitéisí agus ar Fhorbairt Bonneagair Straitéisigh a chinneadh, lena n-áirítear mórchásanna tionscalaíochta, bóthair agus iarnróid. Tá sé freagrach freisin as déileáil le tograí le haghaidh tógáil éigeantach talaimh ag údaráis áitiúla agus ag daoine eile faoi achtacháin éagsúla. Tá feidhmeanna ag an mBord freisin chun achomhairc a chinneadh faoi na hAchtanna um Thruailliú Uisce agus Rialú Foirgníochta.

Tá an Bord freagrach don Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus as dea-rialachas corparáideach a áirithiú. Is iad an Cathaoirleach, an Príomhoifigeach agus an fhoireann bainistíochta sinsearaí atá freagrach as an mBord Pleanála a bhainistiú, a rialú agus a stiúradh ó lá go lá.

Ní mór don Chathaoirleach, don Phríomhoifigeach agus don fhoireann ardbhainistíochta an treoir leathan straitéiseach atá leagtha síos ag an mBord a leanúint agus ní mór dóibh a áirithiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach comhalta den Bhord ar na príomhghníomhaíochtaí agus ar na príomhchinntí a bhaineann leis an eagraíocht, agus ar aon riosca suntasacha ar dóigh dóibh teacht chun cinn. Feidhmíonn an Cathaoirleach mar idirchaidreamh díreach idir an Bord agus bainistíocht an Bhoird Pleanála.

### Freagrachtaí an Bhoird

Tá obair agus freagrachtaí an Bhoird leagtha amach sna forálacha reachtúla sna hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, 2000-2022 agus sa reachtaíocht ghaolmhar..

Ceaptar an Cathaoirleach agus gnáthchomhaltaí an Bhoird i gcáil lánaimseartha agus tá siad eisiata go sonrach ó bheith i seilbh aon oifige nó fostaíochta eile a bhfuil díolaíochtaí iníoctha ina leith. Socraíonn an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta leibhéil luacha saothair don Chathaoirleach agus do chomhaltaí Boird eile le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe.

Tá comhaltaí an Bhoird freagrach as cinntí ardchaighdeáin a dhéanamh maidir le hachomhairc agus iarratais phleanála go tráthúil agus as maoirseacht a dhéanamh ar rialachas corparáideach foriomlán na heagraíochta. Chomh maith le cruinnithe rialta chun breithniú a dhéanamh ar chásobair phleanála, tagann an Bord le chéile ag

cruinniú sceidealta naoi n-uaire in aghaidh na bliana de ghnáth, nó de réir mar is gá, maidir le maoirseacht agus rialachas an Bhoird Phleanála.

Tá buanmhíreanna ag na Cruinnithe Boird Ghinearálta seo lena n-áirítear:

- Tuarascálacha airgeadais/cuntais bhainistíochta,
- Tuairiscí Feidhmíochta,
- Tuarascálacha agus anailís ar bhainistiú riosca,
- Beartais chorparáideacha a cheadú agus a athbhreithniú,
- An buiséad bliantúil a fhormheas agus faireachán a dhéanamh air,
- Plean seachadta bliantúil a cheadú agus faireachán a dhéanamh air chun gealltanais agus gníomhaíochtaí i bPlean Straitéiseach 5 bliana an Bhoird a chomhlíonadh,
- Tuarascálacha ón gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca agus ón Iniúchóireacht Inmheánach,
- Tuarascálacha bainistíochta ar Ghnóthaí Dlíthiúla, agus
- Aon ní eile a fhorchoimeádtar don Bhord lena chinneadh.

Éilíonn Alt 150 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú, ar an mBord Pleanála Cód Iompair a ghlacadh chun déileáil le coinbhleachtaí leasa agus chun muinín an phobail as ionracas i seoladh a ghnó a chur chun cinn. Tá an Cód Iompair a ghlac an Bord ar fáil ar a shuíomh gréasáin. Tá forálacha an Chóid Iompair ag teacht freisin le ceanglais an Chóid Chleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit.

Is é polasaí an Bhoird Pleanála an luach is fearr ar airgead a chur ar fáil agus earraí agus seirbhísí á gceannach don eagraíocht. Moltar don Bhord Pleanála úsáid a bhaint as conarthaí lárnacha a chuir an Oifig um Sholáthar Rialtais i bhfeidhm agus réimse earraí agus seirbhísí a fhaightear go coitianta á bhfáil acu. Sa chás nach bhfuil conradh lárnach ar fáil, feidhmíonn An Bord Pleanála de réir Rialacha agus Treoirlínte an Aontais Eorpaigh maidir le Soláthar agus de réir a pholasaí agus a phrótacal féin maidir le soláthar inmheánach. Comhlíonann An Bord Pleanála riachtanais chuí Chód Caiteachais Phoiblí na Roinne Caiteachais Phoiblí, Seachadta agus Athchóirithe maidir lena chaiteachas.

Le halt 117(1) den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, ceanglaítear ar Bhord an Bhoird Pleanála na cuntais go léir is cuí agus is gnách ar an airgead a fhaigheann sé agus a chaitheann sé a choimeád, i cibé foirm a cheadóidh an tAire Tithíochta, Rialtais

Áitiúil agus Oidhreachta le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe.

Agus a ráitis airgeadais á n-ullmhú, ceanglaítear ar an mBord Pleanála:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach,
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama,
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin mura bhfuil sé feiliúnach a thoimhdiú go leanfaidh sé ar aghaidh ag oibriú, agus
- a lua cé acu a leanadh nó nár leanadh na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir aon imeacht ábhartha a nochtadh agus a míníodh i ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as taifid chuntasaíochta leordhóthanacha a choimeád a nochtann, le cruinneas réasúnach ag am ar bith, a staid airgeadais a chuireann ar a chumas a áirithiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais alt 117(1) den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú. Is é an Bord atá freagrach as cothabháil agus sláine na faisnéise ar shuíomh gréasáin an Bhoird Pleanála maidir le haon chúrsa corparáideach nó airgeadais.

Tá an Bord freagrach as an bplean seachadta bliantúil agus an buiséad a fhaomhadh. Rinne an Bord meastóireacht ar fheidhmíocht an Bhoird Pleanála trí thagairt don phlean seachadta bliantúil agus don bhuiséad do 2023 ag Cruinniú Ginearálta an Bhoird an 14 Márta 2024.

Tá an Bord freagrach freisin as a chuid sócmhainní a chosaint agus, dá bhrí sin, as bearta réasúnacha a dhéanamh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Measann an Bord go dtugann ráitis airgeadais an Bhoird Pleanála léargas fíor agus cothrom ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais an Bhoird Pleanála ar an 31 Nollaig 2023.

**Struchtúr an Bhoird**

In 2023 rinneadh foráil san Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, arna leasú, go mbeidh Cathaoirleach agus cibé líon gnáthchomhaltaí ar an mBord, suas go dtí uasmhéid de 14 ag féachaint do líon agus do chineál na n-iarratas, na n-achomharc, na n-atreoraithe nó na nithe eile lena mbaineann an Bord. Is iondúil gur seacht mbliana a bhíonn i dtéarma oifige an Chathaoirligh agus is féidir an Cathaoirleach a

athcheapadh don dara téarma oifige nó do théarma oifige ina dhiaidh sin, ar choinníoll go mbeidh sé nó sí ina Chathaoirleach nó ina Cathaoirleach tráth an athcheaptha. Foráladh leis an Acht leasaithe, mura mbeidh aon Chathaoirleach ceaptha faoi alt 105, go bhféadfar duine atá, i dtuairim an Rialtais, cáilithe go cuí, a cheapadh mar Chathaoirleach ar feadh tréimhse nach faide ná 12 mhí. Cúig bliana atá i dtéarma oifige ghnáthchomhaltaí an Bhoird (lena n-áirítear an Leas-Chathaoirleach), agus féadfar na comhaltaí sin a athcheapadh don dara téarma nó do théarma ina dhiaidh sin, ar choinníoll gur comhalta atá ag dul as oifig an duine lena mbaineann tráth an athcheaptha. Comhaltas lánaimsire is ea comhaltas an Bhoird.

Rinneadh roinnt athruithe ar chomhaltas an Bhoird in 2023-2024, mar a leagtar amach sa tábla thíos ina sonraítear an tréimhse cheapacháin/na tréimhsí ceapacháin le haghaidh comhaltaí:

| **Comhaltas Boird** | **Ról** | **Dáta Ceaptha** |
|---|---|---|
| Oonagh Buckley | Comhalta Eatramhach Boird | 12 Nollaig 2022 |
| | Ceaptha mar Leas-Chathaoirleach Eatramhach | 14 Nollaig 2022 |
| | Ceaptha mar Chathaoirleach Eatramhach | 11 Eanáir 2023 |
| | Téarma tagtha chun deiridh | 1 Meán Fómhair 2023 |
| An Dr Maria FitzGerald | Gnáthbhall | 10 Iúil 2017 |
| | Athcheaptha | 10 Iúil 2022 |
| | Téarma tagtha chun deiridh | 10 Feabhra 2023 |
| Michelle Fagan | Gnáthbhall | 12 Feabhra 2018 |
| | Athcheaptha | 1 Eanáir 2020 |
| | Téarma tagtha chun deiridh | 11 Feabhra 2023 |
| Stephen Bohan | Gnáthbhall | 11 Meitheamh 2018 |
| | Athcheaptha | 1 Eanáir 2020 |

| | | |
|---|---|---|
| Chris McGarry | Gnáthbhall | 1 Feabhra 2019 |
| | Leas-Chathaoirleach Ceaptha | 12 Eanáir 2023 |
| | Athcheaptha mar Leas-Chathaoirleach | 1 Feabhra 2024 |
| Patricia Calleary | Gnáthbhall | 22 Márta 2022 |
| Mick Long | Comhalta Eatramhach Boird | 3 Eanáir 2023 |
| | Athcheaptha ar feadh 6 mhí | 4 Eanáir 2024 |
| Peter Mullan | Comhalta Eatramhach Boird | 9 Eanáir 2023 |
| | Ceaptha mar Chathaoirleach Eatramhach | 2 Meán Fómhair 2023 |
| | Ceaptha mar Chathaoirleach | 23 Eanáir 2024 |
| Stephen Brophy | Comhalta Eatramhach Boird | 9 Eanáir 2023 |
| | Athcheaptha ar feadh 6 mhí | 9 Eanáir 2024 |
| Una Crosse | Comhalta Eatramhach Boird | 27 Feabhra 2023 |
| | Athcheaptha ar feadh 6 mhí | 27 Feabhra 2024 |
| Tom Rabbette | Comhalta Eatramhach Boird | 1 Márta 2023 |
| | Athcheaptha ar feadh 6 mhí | 1 Márta 2024 |
| Mary Henchy | Comhalta Eatramhach Boird | 17 Aibreán 2023 |
| | Athcheaptha ar feadh 6 mhí | 17 Aibreán 2024 |
| Eamonn J. Kelly | Gnáthbhall | 24 Aibreán 2023 |
| Joe Boland | Comhalta Eatramhach Boird | 24 Aibreán 2023 |
| | Athcheaptha ar feadh 6 mhí | 24 Aibreán 2024 |
| Mary Cregg | Comhalta Eatramhach Boird | 24 Aibreán 2023 |
| | Téarma tagtha chun deiridh | 23 Aibreán 2024 |
| Martina Hennessy | Comhalta Eatramhach Boird | 24 Aibreán 2023 |
| | Athcheaptha ar feadh 6 mhí | 24 Aibreán 2024 |

| | | |
|---|---|---|
| Eamon P. Kelly | Comhalta Eatramhach Boird | 24 Aibreán 2023 |
| | Téarma tagtha chun deiridh | 5 Iúil 2023 |
| Liam Bergin | Comhalta Eatramhach Boird | 1 Lúnasa 2023 |
| Stewart Logan | Comhalta Eatramhach Boird | 26 Meán Fómhair 2023 |

---

Chuir an Bord meastóireacht féinmheasúnaithe i gcrích ar a fheidhmíocht féin an 14 Márta 2024.

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca bunaithe ag an mBord ar a bhfuil beirt chomhaltaí Boird agus beirt daoine seachtracha, duine amháin acu ina Chathaoirleach ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca. Is é ról an Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca (CIR) tacú leis an mBord maidir lena fhreagrachtaí as saincheisteanna riosca, rialaithe agus rialachais agus an dearbhú gaolmhar. Tá an CIR neamhspleách ar bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Go háirithe, áirithíonn an Coiste go ndéantar faireachán gníomhach agus neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchóireachta. Scaiptear miontuairiscí chruinnithe an CIR ar an mBord agus cuireann Cathaoirleach an CIR tuarascáil bhliantúil ar fáil don Bhord maidir le gníomhaíochtaí i rith na bliana.

Ba iad seo a leanas comhaltaí an Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca in 2023: Patricia Byron (Cathaoirleach Seachtrach), Raymond Dolan (comhalta seachtrach), Mícheál Ó Cinnéide (comhalta seachtrach ceaptha an 14 Lúnasa 2023) agus comhaltaí Boird, Chris McGarry (scortha ón 13 Meán Fómhair 2023) agus Stephen Brophy (ceaptha an 23 Feabhra 2023).

Tionóladh cúig chruinniú CIR in 2023.

**Sceideal Tinrimh, Táillí agus Speansas**

Leagtar amach thíos sceideal tinrimh ag cruinnithe an Bhoird Ghinearálta agus an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca le haghaidh 2023:

| | **Cruinnithe Ginearálta Boird** | | **Coiste Iniúchta agus Rioscaí** | |
|---|---|---|---|---|
| | A | B | A | B |
| Oonagh Buckley[2] | 8 | 8 | | |
| An Dr Maria FitzGerald[3] | 1 | 1 | | |
| Michelle Fagan[4] | 1 | 1 | | |
| Stephen Bohan | 10 | 4 | | |
| Chris McGarry[1] | 10 | 9 | 4 | 3 |
| Patricia Calleary | 10 | 10 | | |
| Mick Long | 10 | 10 | | |
| Peter Mullan | 10 | 9 | | |
| Stephen Brophy[1] | 10 | 10 | 4 | 4 |
| Una Crosse | 8 | 7 | | |
| Tom Rabbette | 8 | 6 | | |
| Mary Henchy | 6 | 6 | | |
| Eamonn J. Kelly | 6 | 6 | | |
| Joe Boland | 6 | 6 | | |
| Mary Cregg | 6 | 5 | | |
| Martina Hennessy | 6 | 5 | | |
| Eamon P. Kelly[5] | 3 | 2 | | |
| Liam Bergin | 2 | 2 | | |
| Stewart Logan | 2 | 2 | | |

**A** Líon cruinnithe a tionóladh le linn thréimhse oifige gach comhalta den Bhord in 2023

**B** Líon cruinnithe ar freastalaíodh orthu

[1] Comhalta den Bhord a bhí ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca le linn 2023

[2] téarma tagtha chun deiridh an 1 Meán Fómhair 2023

[3] téarma tagtha chun deiridh an 10 Feabhra 2023

[4] téarma tagtha chun deiridh an 11 Feabhra 2023

[5] téarma tagtha chun deiridh ar an 5 Feabhra 2023

Ní íoctar aon táille le comhaltaí an Bhoird agus nochtar na speansais a íoctar i Nóta 6(d) a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais.

### Athruithe ar Phríomhphearsanra

Rinneadh Cathaoirleach Eatramhach den Leas-Chathaoirleach Eatramhach (Oonagh Buckley) i mí Eanáir 2023 de bhun reachtaíocht leasaitheach a rith an tOireachtas i mí na Nollag 2022.

Ceapadh Comhalta Boird (Chris McGarry) a bhí ann cheana mar Leas-Chathaoirleach i mí Eanáir 2023.

Nuair a tháinig téarma oifige an Chathaoirligh Eatramhach reatha (Oonagh Buckley) chun deiridh i mí Mheán Fómhair 2023, ceapadh Comhalta Boird Eatramhach reatha (Peter Mullan) mar Chathaoirleach Eatramhach.

***Achoimre ar ghluaiseachtaí ar leibhéal an Bhoird (Cathaoirleach/Cathaoirleach agus comhaltaí an Bhoird) in 2023:***

Bhí seisear comhaltaí Boird i bhfeidhm cheana féin an 1Eanáir 2023. D'fhág triúr de na comhaltaí Boird sin (Oonagh Buckley, an Dr. Maria FitzGerald agus Michelle Fagan) An Bord Pleanála in 2023.

Ceapadh Ball Boird Eatramhach amháin (Eamon P. Kelly) agus d'fhág sé An Bord Pleanála le linn 2023.

Ceapadh aon chomhalta dhéag den Bhord Eatramhach agus aon Ghnáthchomhalta Boird amháin (Eamonn J. Kelly) ar an mBord Pleanála in 2023.

D’fhág sé sin go raibh cúig dhuine dhéag (Cathaoirleach agus ceithre chomhalta dhéag den Bhord) ann an 31 Nollaig 2023.

Ceapadh gach comhalta Boird eatramhach ar feadh bliana.

### Nochtadh Riachtanach de réir an Chóid Chleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016)

Tá an Bord freagrach as a áirithiú gur chomhlíon An Bord Pleanála ceanglais an Chóid Chleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit ("an Cód"), mar a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe é i mí Lúnasa 2016. Ceanglaítear na nochtaí seo a leanas leis an gCód:

***Miondealú ar shochair fostaithe (lena n-áirítear comhaltaí an Bhoird)***

Nochtar an miondealú ar shochair fostaithe i Nóta 6(f) a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais.

**Costais Chomhairleoireachta**

Áirítear le costais chomhairleoireachta costas na comhairle seachtraí don bhainistíocht agus ní áirítear leo feidhmeanna seachfhoinsithe 'gnó mar is gnách'.

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Costais dhlíthiúla | 312,437 | 346,441 |
| Comhairle achtúireach | 5,474 | 4,858 |
| Comhairleoireacht TFC | 21,273 | 21,047 |
| Forbairt Córais Chomhairleoireachta TFC | 779,493 | 838,013 |
| Acmhainní Daonna | 28,624 | 14,068 |
| Feabhsúchán Gnó | 26,985 | 96,586 |
| Eile | 108,927 | 52,140 |
| **Costais chomhairleoireachta iomlána** | **1,283,213** | **1,373,153** |

| | | |
|---|---|---|
| Costais sainchomhairleoireachta caipitlithe | 0 | 0 |
| Costais chomhairleoireachta a ghearrtar ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe | 1,283,213 | 1,373,153 |
| **Iomlán** | **1,283,213** | **1,373,153** |

**Costais Dhlíthiúla**

Tugtar miondealú sa tábla thíos ar mhéideanna a aithnítear mar chaiteachas sa tréimhse tuairiscithe i ndáil le costais dlí. Is éard atá sna costais sin costais dlí an Bhoird féin, go príomha le haghaidh ionadaíocht aturnae agus abhcóide i gcásanna athbhreithnithe bhreithiúnaigh os comhair na n-uaschúirteanna agus Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, agus dliteanais chostais a íoc le haghaidh costais 'taobh eile' sna cásanna sin, i gcás ina dtagann dliteanais den sórt sin chun cinn mar thoradh ar phróiseas na Cúirte. Ní áirítear leis sin caiteachas a thabhaítear i ndáil le comhairle dlí ghinearálta a fhaigheann An Bord Pleanála agus a nochtar i gcostais Chomhairleoireachta thuas.

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Táillí dlí an Bhoird Pleanála – imeachtaí dlí | 4,485,133 | 4,827,009 |
| Íocaíochtaí idir-réitigh agus eadrána | 0 | 0 |
| Costais dhlíthiúla eile ar an taobh eile - imeachtaí dlíthiúla | 6,317,497 | 4,831,046 |
| **Iomlán** | **10,802,630** | **9,658,055** |

**Caiteachas Taistil agus Cothaithe**

Déantar caiteachas taistil agus cothaithe a chatagóiriú mar seo a leanas:

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Intíre | | |
| - Bord[1] | 1,221 | 904 |
| - Fostaithe | 140,030 | 122,111 |
| - Comhairleoirí Pleanála | 33,443 | 501 |
| Idirnáisiúnta[2] | | |
| - Bord | 114 | 0 |
| - Fostaithe | 3,480 | 738 |
| **Iomlán** | **178,288** | **124,254** |

[1]Lena n-áirítear taisteal agus cothú €899 a íocadh go díreach le comhaltaí an Bhoird in 2023 (2022: €719)

[2]Rinneadh Íocaíochtaí Frithháirithe Astaíochtaí Carbóin arbh fhiú €7.83 san iomlán iad le RCAC in 2023 a bhain le dhá eitilt eachtracha a rinneadh le haghaidh gnó oifigiúil, ceann amháin in 2020 agus ceann amháin in 2022.

**Caiteachas Fáilteachais**

Áirítear an caiteachas fáilteachais seo a leanas sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe:

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Fáilteachas foirne | 7,359 | 625 |
| Fáilteachas cliant | 309 | 0 |
| **Iomlán** | **7,668** | **625** |

**Ráiteas Comhlíontacháin**

Ghlac an Bord le Cód Cleachtais 2016 maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit.

Tá An Bord Pleanála sásta go bhfuil sé ag comhlíonadh ceanglais infheidhme uile an Chóid ina n-iomláine.

Thar ceann Bhord an Bhoird Pleanála:

Peter Mullan
Cathaoirleach
Dáta: 30 Iúil 2024

Chris McGarry
Leas-Chathaoirleach
Dáta: 30 Iúil 2024

# Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach

## 1. Raon feidhme na Freagrachta

Thar ceann an Bhoird Pleanála admhaím freagracht an Bhoird as a áirithiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a chothabháil agus a oibriú. Leis an bhfreagracht seo cuirtear san áireamh riachtanais an Chóid Chleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016).

## 2. Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun riosca a bhainistiú go leibhéal inghlactha seachas é a dhíchur. Dá bhrí sin, ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta seachas dearbhú iomlán a thabhairt go ndéantar sócmhainní a choimirciú, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó neamhrialtachtaí a chosc nó a bhrath go tráthúil.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh, atá ag teacht leis an treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta PFN agus Athchóirithe, i bhfeidhm sa Bhord Pleanála don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 agus suas go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais.

## 3. Coiste Iniúchta agus Rioscaí

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR) ag an mBord Pleanála ar a mbíonn beirt chomhaltaí Boird agus beirt chomhaltaí sheachtracha a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúchóireachta acu, agus is é duine amháin acu an Cathaoirleach. Tháinig CIR le chéile 5 huaire in 2023.

## 4. Feidhm na hIniúchóireachta Inmheánaí

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh bunaithe ag an mBord Pleanála freisin trí chomhairleoirí seachtracha a fhostú a thugann faoi chlár oibre a aontaíodh leis an CIR.

## 5. Creat Riosca agus Rialaithe

Tá creat bainistíochta riosca forbartha agus curtha i bhfeidhm ag an mBord Pleanála lena n-áirítear a inghlacthacht riosca agus próiseas bainistíochta riosca a bhaineann le gach ball foirne i mbainistíocht riosca. Leis an gcreat sin, tugtar sainordú don phearsanra uile rioscaí atá ann cheana agus atá ag teacht chun cinn agus córais rialaithe agus maoluithe a shainaithint, faireachán a dhéanamh orthu agus iad a bhainistiú laistigh dá réimsí oibre féin. Tá an creat leagtha amach i mbeartas riosca na heagraíochta.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm ina n-aithnítear na príomhrioscaí atá roimh an mBord Pleanála agus rinneadh iad sin a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déanann an Bord an clár a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn bliantúil agus ar bhonn lár na bliana.

Úsáidtear toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a áirithiú go mbainistítear rioscaí go leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhaíochtaí is gá chun rioscaí a mhaolú agus sanntar freagracht do bhaill foirne shonracha as rialuithe a oibriú. Dearbhaím go bhfuil timpeallacht rialaithe ina bhfuil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm:

- doiciméadaíodh nósanna imeachta le haghaidh na bpríomhphróiseas gnó uile,
- sannadh freagrachtaí airgeadais ar an leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach,
- tá córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a choinníonn an bhainistíocht shinsearach faoi athbhreithniú,
- tá córais ann arb é is aidhm dóibh slándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a áirithiú,
- tá córais i bhfeidhm chun sócmhainní a choimirciú.

### 6. Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Cuireadh nósanna imeachta foirmiúla ar bun chun faireachán a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don bhainistíocht agus don Bhord, i gcás inarb ábhartha, ar bhealach tráthúil. Dearbhaím go bhfuil na córais faireacháin leanúnacha seo a leanas i bhfeidhm:

- sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh a sainaithníodh a thuairisciú,
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais, agus
- déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar fheidhmíocht thréimhsiúil agus bhliantúil agus ar thuarascálacha airgeadais ina léirítear feidhmíochtaí in aghaidh buiséad/réamhaisnéisí.

## 7. Soláthar

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an mBord Pleanála lena áirithiú go gcomhlíonfar na rialacha agus na treoirlínte soláthair reatha agus gur chomhlíon An Bord Pleanála na nósanna imeachta sin go substaintiúil le linn 2023.

Bhí dhá sheirbhís ann in 2023 nuair nár comhlíonadh go hiomlán na ceanglais soláthair, a bhain le costais os cionn €50K - saoráidí cartlainne agus bogearraí cuntasaíochta leagáide.

Le linn 2021, chuir An Bord Pleanála tús le próiseas tairisceana oscailte le haghaidh áiseanna cartlainne, ach cuireadh an próiseas sin ar ceal in 2023.  Cuireadh tús le próiseas tairisceana nua in 2024 faoi chreat CRO.

Tá próisis tairisceana le haghaidh bogearraí cuntasaíochta le tosú i R4 2024.

Ba é €149,490 an caiteachas iomlán in 2023 ar shaoráidí cartlainne.

Ba é €54,047 an caiteachas iomlán in 2023 ar bhogearraí cuntasaíochta oidhreachta.

## 8. Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta ag an mBord Pleanála chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta agus rialaithe riosca. Tá monatóireacht agus athbhreithniú an Bhoird Pleanála ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an Choiste Iniúchta agus Riosca agus ar thuarascálacha na bainistíochta sinsearaí laistigh den Bhord Pleanála atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh.

In iniúchtaí a rinneadh le linn 2023, mar chuid de Phlean Iniúchta faofa an Choiste Iniúchóireachta, sainaithníodh laigí suntasacha sa chóras rialaithe inmheánaigh arna oibriú ag an mBord Pleanála, rud a d’fhág gur tugadh tuairim iniúchóireachta inmheánaí ar dhearbhú teoranta i ndáil le cuspóirí an Bhoird Pleanála a bhaint amach go héifeachtach agus go héifeachtúil. Tá áthas orm a thuairisciú go bhfuil feabhas tagtha ar rialuithe sa Bhord Pleanála mar gheall ar mholtaí na n-iniúchtaí seo a chur i bhfeidhm. Príomhthosaíocht de chuid an Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca le linn 2024 is ea fócas a choinneáil ar réimsí nach bhfuil moltaí le haghaidh feabhsuithe curtha i bhfeidhm go hiomlán iontu go fóill, chun a áirithiú go mbeidh an córas rialuithe inmheánacha ag teacht go hiomlán leis an treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta agus Athchóirithe NDP.

Dearbhaím go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht an chórais rialuithe inmheánacha do 2023 an 14 Márta 2024.

## 9. Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh

Ábhair Imní

Tháinig ábhair imní chun cinn le linn 2022 as ar eascair roinnt tuarascálacha agus athbhreithnithe maidir leis an mBord Pleanála. Ardaíodh roinnt ábhar san fhearann poiblí a bhaineann le coinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh a bheith ann i roinnt cásanna pleanála Boird a cinneadh agus éifeachtacht chórais agus nósanna imeachta an Bhoird ina leith sin. Tá na nithe seo á rialú ag ceanglais reachtúla faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, arna leasú, na hAchtanna um Eitic, 1995 agus 2001, an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016 agus Cód Iompair an Bhoird féin.

Anailís agus Tuarascáil ar Choinbhleacht Leasa

Choimisiúnaigh an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta anailís agus tuairisc neamhspleách maidir le líomhaintí faoi choinbhleachtaí leasa. Tá an tuarascáil seo faoi rún agus níor fhoilsigh an tAire í ach cuireadh ar aghaidh chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí í lena próiseáil tuilleadh.

Athbhreithniú Inmheánach

Ar leithligh ón bpróiseas seo, cheap Cathaoirleach an Bhoird ag an am foireann inmheánach de phearsanra bainistíochta sinsearaí chun cásanna agus saincheisteanna áirithe a scrúdú, d'fhonn a aithint an bhfuil rioscaí nó ábhair imní ar leith ann maidir le héifeachtacht rialuithe, phrótacail, nósanna imeachta agus chórais reatha an Bhoird chun coinbhleachtaí leasa féideartha agus ábhair ghaolmhara a bhainistiú. Níor fhoilsigh an Bord tuarascáil seo 2022. Rinne abhcóide seachtrach neamhspleách imscrúdú scóipe ar na hábhair imní sin idir mí Eanáir 2023 agus mí Iúil 2024. Fuair an Cathaoirleach tuarascáil an 26 Iúil 2024. Tá coinne go mbeidh tréimhse ama ag teastáil ón gCathaoirleach chun torthaí an athbhreithnithe seo a bhreithniú, sula bhféadfaí ábhar na tuarascála a roinnt go seachtrach, agus go bhféadfaí aon ghníomh a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar aon toradh agus moltaí atá san áireamh sa tuarascáil.

Athbhreithniú ar Oifig an Rialálaí Pleanála 2022

Ina theannta sin, rinne Oifig an Rialálaí Pleanála athbhreithniú in 2022 ar chórais agus nósanna imeachta áirithe a úsáideann An Bord Pleanála. Mar thoradh ar an gcéad chéim den athbhreithniú sin, foilsíodh tuarascáil dar dáta an 6 Deireadh Fómhair 2022, ina bhfuil 11 mholadh. Baineann cúig cinn de na moltaí le cúrsaí reachtacha sonracha i ndáil le ceapadh agus méadú ar líon na gcomhaltaí Boird. Bhain na sé cinn eile le rialuithe inmheánacha laistigh den Bhord Pleanála agus le nithe ábhartha eile amhail athbhreithniú a dhéanamh ar Chód Iompair an Bhoird, nósanna imeachta

cinnteoireachta i scríbhinn a leagan amach agus Rialachas, Eitic agus Campas a bhunú, agus tá siad ar fad curtha i gcrích.

Foilsíodh tuarascáil ar an dara céim den athbhreithniú an 20 Nollaig 2022 agus bhí 23 mholadh bhreise inti. Baineann trí cinn díobh sin le hathruithe reachtacha agus cuireann an 20 ceann eile le roinnt gnéithe de Chéim 1 agus baineann siad go ginearálta le nósanna imeachta ar leibhéal an Bhoird agus na Cigireachta, le rannpháirtíocht foirne agus le rannpháirtíocht páirtithe leasmhara. As an 20 sin, tá 17 gcinn curtha i gcrích go hiomlán agus tá trí cinn fós ar siúl i bhfianaise chineál na moltaí e.g. claochlú digiteach agus faireachán leanúnach ar shonraí.

Moltaí a chur chun feidhme

Moltaí i leith rialuithe inmheánacha agus ábhair ábhartha eile a cumhdaíodh in aon tuarascáil chríochnaithe, rinneadh iad a mheas go hiomlán agus tugadh aghaidh orthu ar bhealach iomchuí in 2023. Áiríodh leis sin Cód Iompair athbhreithnithe an Bhoird Pleanála a ghlacadh le dáta tosaithe an 1 Meán Fómhair 2023. Rinneadh athbhreithniú freisin in 2023 ar na beartais agus na nósanna imeachta atá ann cheana maidir le Frith-Chalaois agus Nochtadh Cosanta agus glacadh leaganacha nuashonraithe den dá cheann acu sin agus cuireadh tús leo ansin an 1 Nollaig 2023. Formheasadh beartas nua maidir le próiseas dearbhaithe alt 147 agus tá sé á chur chun feidhme i gcomhthéacs phróiseas dearbhuithe 2024 (Nóta 19).

Rialuithe Inmheánacha atá ar siúl

Glactar leis gur gá leanúint le béim a leagan ar a áirithiú go bhfuil gach córas rialaithe inmheánaigh láidir agus oiriúnach don fheidhm agus gur gá do gach pearsanra san eagraíocht a áirithiú go gcloítear go dian agus go comhsheasmhach le prótacail dearbhaithe reachtúla agus leis an gcód iompair agus leis na córais rialaithe agus prótacail ghaolmhara go léir.

Íocaíochtaí Pionóis 2021-2023

Le linn 2021-2023 rinneadh íocaíochtaí pionóis le hiarratasóirí i gcás nach ndearnadh cinntí maidir le hiarratais ar Fhorbairt Tithíochta Straitéisí (FTS) laistigh den chuspóir ama reachtúil. Foráiltear san Acht um Pleanáil agus Forbairt (Tithíocht) agus um Thionóntachtaí Cónaithe, 2016, in Alt 9(13)(d), sa chás go dteipeann ar an mBord cinneadh a dhéanamh laistigh den tréimhse oibiachtúil reachtúil 16 seachtaine de ghnáth, go bhfuil íocaíocht suim €10,000 dlite don iarratasóir.

- Rinneadh íocaíocht phionóis FTS amháin den phionós €10,000 in 2021.
- Rinneadh 134 íocaíocht phionóis FTS arbh fhiú €1.34M san iomlán iad in 2022.
- Rinneadh 8 n-íocaíocht phionóis bhreise agus deiridh FTS, €80,000 san iomlán, go luath in 2023.

Níl aon íocaíochtaí pionósacha FTS eile iníoctha, mar gheall ar scor na reachtaíochta FTS.

Is ábhar imní é an staid sin ó thaobh clú agus próiseáil cásanna de agus tá tionchar aige sin ar acmhainní airgeadais. Cé nach féidir aon iarratas straitéiseach tithíochta eile a chur isteach anois mar gheall ar dheireadh a chur leis an bpróiseas sin, tá córas fíneála pionóis den chineál céanna ann sa chreat reachtúil nua d'iarratais pleanála Forbartha Cónaithe ar Mhórscála a bhféadfadh achomhairc chuig an mBord a bheith mar thoradh air. Tá socruithe bainistíochta curtha i bhfeidhm a bhfuil sé mar aidhm acu uasmhéadú a dhéanamh ar an gcumas chun cinneadh a dhéanamh ar na hachomhairc sin laistigh den tréimhse ama oibiachtúil reachtúil chun íocaíocht na bhfíneálacha sin a íoslaghdú sna cásanna sin.

- Rinneadh íocaíocht phionóis aonair Fhorbairt Chónaithe ar Mhórscála amháin den phionós €10,000 in 2023, agus ní dhearnadh aon íocaíocht phionóis eile ná ní raibh aon íocaíocht phionóis eile dlite in 2023 (fuarthas 52 chás Fhorbairt Chónaithe ar Mhórscála bailí in 2023).

Tá An Bord Pleanála tiomanta i gcónaí a áirithiú go gcomhlíontar gach oibleagáid reachtúil ábhartha agus gach gealltanas laistigh dá Chód Iompair go hiomlán agus go bhfuil an córas rialuithe inmheánacha atá i bhfeidhm laistigh den eagraíocht láidir, cuimsitheach agus trédhearcach.



Peter Mullan
Cathaoirleach
Dáta: 30 Iúil 2024

**AN BORD PLEANÁLA**

**Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe**
***Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023***

| | Nóta | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| **Ioncam** | | | |
| Deontas Oireachtais | 2 | 30,144,159 | 21,552,007 |
| Táillí | 3(a) | 1,505,167 | 1,701,517 |
| Táillí Tithíochta Straitéisí | 3(b) | (119,510) | 1,781,744 |
| Táillí Fhorbairt Chónaithe ar Mhórscála | 3(c) | 70,560 | 14,340 |
| Táillí Bonneagair Straitéisigh agus Aisghabháil Costais | 4 | 4,025,928 | 3,045,859 |
| Glanmhaoiniú Pinsin Iarchurtha | 7(c) | 3,912,808 | 3,797,468 |
| Ioncam Ilchineálach | 5 | 4,472 | 5,179 |
| Ús ar Thaiscí | 5 | 1,688 | 0 |
| Brabús/(caillteanas) ar dhiúscairt Sócmhainní Seasta | 5 | 100 | 200 |
| **Ioncam Iomlán** | | **39,545,372** | **31,898,314** |
| **Caiteachas** | | | |
| Tuarastail, Liúntais agus Aoisliúntais | 6 | 22,718,377 | 19,314,027 |
| Costais Bhunaíochta | 8 | 2,579,885 | 2,404,793 |
| Costais oibriúcháin | 9 | 14,961,318 | 13,215,107 |
| **Caiteachas Iomlán** | | **40,259,580** | **34,933,927** |
| **Barrachas/(Easnamh) don Bhliain roimh Leithreasuithe** | | **(714,208)** | **(3,035,613)** |
| Aistriú ón/(chuig) an gCuntas Caipitil | 11 | 54,857 | 322,441 |
| **Barrachas/(Easnamh) don Bhliain i ndiaidh Leithreasuithe** | | **(659,351)** | **(2,713,172)** |
| Iarmhéid tugtha ar aghaidh an 1 Eanáir | | (7,155,061) | (4,441,889) |
| **Iarmhéid a tugadh ar aghaidh an 31 Nollaig** | | **(7,814,412)** | **(7,155,061)** |

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nótaí 1 go 21 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann Bhord an Bhoird Pleanála:

Peter Mullan
Cathaoirleach
Dáta: 30 Iúil 2024

Bríd Hill
Príomhoifigeach
Dáta: 30 Iúil 2024

**AN BORD PLEANÁLA**
**RÁITEAS IONCAIM CHUIMSITHIGH**
***Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023***

| | Nóta | 2023<br>€ | 2022<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Barrachas/(Easnamh) i ndiaidh Leithreasuithe** | | **(659,351)** | **(2,713,172)** |
| Gnóthachain/(caillteanais) taithí ar oibleagáidí sochair scoir | 7(d) | (6,356,000) | (10,283,000) |
| Athrú ar thoimhdí is bun le luach láithreach oibleagáidí sochair scoir | | (8,607,000) | 60,107,000 |
| **Caillteanas achtúireach iomlán sa bhliain** | | **(14,963,000)** | **49,824,000** |
| Coigeartú ar mhaoiniú sochar scoir iarchurtha | | 14,963,000 | (49,824,000) |
| **Iomlán an Ioncaim Chuimsithigh don bhliain** | | **(659,351)** | **(2,713,172)** |

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nótaí 1 go 21 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann Bhord an Bhoird Pleanála:

| | |
|---|---|
| Peter Mullan | Bríd Hill |
| Cathaoirleach | Príomhoifigeach |
| Dáta: 30 Iúil 2024 | Dáta: 30 Iúil 2024 |

**AN BORD PLEANÁLA**
**RÁITEAS AR AN STAID AIRGEADAIS**
***Ar an 31 Nollaig 2023***

| | Nóta | 2023<br>€ | 2022<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Neamh-Reatha** | | | |
| Maoin, gléasra agus trealamh | 12 | 210,207 | 211,607 |
| Sócmhainní Doláimhsithe - Tionscnamh Plean-IT | 12 | 44,981 | 98,438 |
| **Iomlán Sócmhainní Neamh-Reatha** | | **255,188** | **310,045** |
| | | | |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Infháltais | 13 | 803,855 | 685,997 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | | 9,301,656 | 8,925,873 |
| | | **10,105,511** | **9,611,870** |
| **Dliteanais Reatha *(méideanna dlite laistigh de bhliain amháin)*** | | | |
| Suimeanna iníoctha | 14 | (17,919,923) | (16,766,931) |
| | | | |
| **Iomlán Glansócmhainní/(Dliteanais)** | | **(7,814,412)** | **(7,155,061)** |
| | | | |
| **Sochair Scoir** | | | |
| Oibleagáidí sochair scoir | 7(b) | (142,502,000) | (123,626,000) |
| Sócmhainn cistithe sochair scoir iarchurtha | | 142,502,000 | 123,626,000 |
| | | | |
| **Iomlán Glansócmhainní/(Dliteanais)** | | **(7,559,224)** | **(6,845,016)** |
| | | | |
| **Ionadaíoch** | | | |
| Cuntas caipitil | 11 | 255,188 | 310,045 |
| Cúlchistí ioncaim coinnithe | | (7,814,412) | (7,155,061) |
| | | | |
| | | **(7,559,224)** | **(6,845,016)** |

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nótaí 1 go 21 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.
Thar ceann Bhord an Bhoird Pleanála:

Peter Mullan
Cathaoirleach
Dáta: 30 Iúil 2024

Bríd Hill
Príomhoifigeach
Dáta: 30 Iúil 2024

**AN BORD PLEANÁLA**
**RÁITEAS SREABHAIDH AIRGID**
***Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023***

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| **Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | |
| Barrachas Ioncaim thar chaiteachas | (659,351) | (2,713,172) |
| Gluaiseacht ar Chuntas Caipitil | (54,857) | (322,441) |
| Dímheas agus lagú sócmhainní seasta | 298,389 | 332,905 |
| (Méadú)/Laghdú ar shuimeanna infhaighte | (117,858) | (59,202) |
| Méadú ar shuimeanna iníoctha | 1,152,992 | 3,412,737 |
| Ús bainc a fuarthas | 1,688 | (0) |
| **Glan-Insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | **621,003** | **650,827** |
| **Sreafaí airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | |
| Íocaíochtaí chun réadmhaoin, gléasra agus trealamh a fháil | (243,532) | (10,464) |
| **Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | **(243,532)** | **(10,464)** |
| **Sreafaí airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoiniúcháin** | | |
| Ús bainc a fuarthas | 1,688 | 0 |
| **Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoiniúcháin** | **1,688** | **0** |
| **Glanmhéadú (Laghdú) ar Airgead Tirim agus ar Choibhéisí Airgid Thirim** | **375,783** | **640,363** |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim an 1 Eanáir | 8,925,873 | 8,285,510 |
| **Airgead tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim an 31 Nollaig** | **9,301,656** | **8,925,873** |

**Nótaí leis na Ráitis Airgeadais**

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

**1. Beartais Chuntasaíochta**

Tá an bonn cuntasaíochta agus na beartais shuntasacha chuntasaíochta a ghlac An Bord Pleanála leagtha amach thíos. Cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad ar fad i rith na bliana agus don bhliain roimhe sin.

**a) Eolas Ginearálta**

Bunaíodh An Bord Pleanála i 1977 faoin Acht Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt), 1976, agus tá oifig aige ag 64 Sráid Maoilbhríde, Baile Átha Cliath 1.

Tá An Bord Pleanála freagrach as achomhairc agus nithe áirithe eile a chinneadh faoi na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, 2000 go 2023, as iarratais dhíreacha ar Fhorbairt Tithíochta Straitéisí a chinneadh agus as iarratais ar Fhorbairt Bonneagair Straitéisigh a chinneadh, lena n-áirítear mórchásanna bóthair agus iarnróid. Tá sé freagrach freisin as déileáil le tograí le haghaidh tógáil éigeantach talaimh ag údaráis áitiúla agus ag daoine eile faoi achtacháin éagsúla. Tá feidhmeanna ag an mBord freisin chun achomhairc a chinneadh faoi na hAchtanna um Thruailliú Uisce agus Rialú Foirgníochta.

**b) Ráiteas Comhlíontacháin**

Ullmhaíodh ráitis airgeadais an Bhoird Pleanála don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 i gcomhréir leis an reachtaíocht is infheidhme, agus le FRS 102 An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais sa Ríocht Aontaithe.

**c) Bunús Ullmhúcháin**

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, ach amháin sócmhainní agus dliteanais áirithe a thomhaistear ag luachanna cóir mar a mhínítear sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais san fhoirm a fhaomhann an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe faoi alt 117(1) den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000. Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach maidir le déileáil le míreanna a mheastar a bheith ábhartha i ndáil le ráitis airgeadais an Bhoird Pleanála.

**d) Deontas Oireachtais**

Tugtar cuntas ar dheontais Oireachtais ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (Vóta 34, Fo-Cheann D3) ar bhonn fáltas airgid, coigeartaithe de réir ranníocaíochtaí aoisliúntais fostaithe. Tugtar cuntas ar dheontais atá dírithe go sonrach ar Fhorbairt Córas Straitéise TFC mar dheontais atá caite (Nóta 2).

**e) Ioncam úis**

Aithnítear ioncam úis ar bhonn fáltas airgid.

**f) Táillí**

Is táillí iad seo a íoctar leis an mBord maidir le hachomhairc, iarratais agus nithe eile a tharchuirtear chuig an mBord lena gcinneadh faoi achtacháin éagsúla. Socraítear na táillí iarbhír is iníoctha le rialachán ón Aire nó socraítear iad de réir mar a chinneann an Bord agus mar a fhaomhann an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta iad de réir na bhforálacha reachtúla seo a leanas:

- Alt 144 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú.
- Alt 177M den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú.
- Ailt 7 agus 7A den Acht um Rialú Foirgníochta ,1990, arna leasú.
- Ailt 6 agus 19 den Acht Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce), 1977, arna leasú agus alt 103 den Acht um Sheirbhísí Uisce, 2007.
- Forbairt Tithíochta Straitéisí (FTS) Tháinig deireadh leis an Acht um Pleanáil agus Forbairt (Tithíocht) agus um Thionóntachtaí Cónaithe, 2016, agus leis na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt (Forbairt Tithíochta Straitéisí), 2017 - 2021. Dliteanais aisíocaíochta, arb éard is gnách a bheith iontu íocaíocht táille 50% le hÚdaráis Áitiúla tar éis an cás a chinneadh, déantar iad a thaifeadadh mar dhliteanais a íocadh nó mar fhigiúr soláthair sa chás go bhfuil cás fós ag fanacht le cinneadh. Ina theannta sin, le hiarratais faoi Alt 146B d'Acht 2000, is féidir dliteanais aisíocaíochta costais a bheith ann d'iarratasóirí má sháraíonn an táille a íocadh na costais chun an cás a chinneadh.
- Fhorbairt Chónaithe ar Mhórscála An tAcht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) (Forbairt Chónaithe ar Mhórscála), 2021.

Taispeántar ioncam ó tháillí glan ó aisíocaíochtaí, a dhéantar maidir le hachomhairc, atreoraithe agus cásanna neamhbhailí eile agus freisin glan ó aon phionós ar chinneadh déanach a íocadh (Nótaí 3(a), 3(b) agus 3(c)).

**g) Forbairt Bonneagair Straitéisigh**

Bíonn táillí maidir le hiarratais ar Fhorbairt Bonneagair Straitéisigh de réir mar a chinneann an Bord agus mar a fhaomhann an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta iad de réir alt 144 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú.

Gearrann an Bord táille tosaigh idir €30,000 agus €100,000 maidir le hiarratais ar Bhonneagar Straitéiseach. Tugtar cuntas ar na táillí sin ar bhonn fáltais airgid. Déanann an Bord measúnú ar an gcostas a bhaineann le measúnú a dhéanamh ar chásanna aonair agus féadfaidh sé féachaint le costais bhreise a fhorchúiteamh nó cuid den táille a aisghabháil de réir mar is cuí. Tugtar cuntas ar aisíocaíocht costas breise agus aisíocaíocht táillí de réir mar a bhíonn siad dlite (Nóta 4).

**h) Maoin, Gléasra agus Trealamh**

Luaitear maoin, gléasra agus trealamh ag costas lúide dímheas carntha, coigeartaithe d'aon fhoráil maidir le lagú. Cuirtear dímheas ar fáil ar gach réadmhaoin, gléasra agus trealamh ag rátaí a mheastar chun an costas a dhíscríobh lúide luach iarmharach measta gach sócmhainne ar bhonn líne dírí thar a saolréanna úsáide measta, mar a leanas:

(i) Foirgnimh léasachta 10% in aghaidh na bliana.
(ii) Athchóiriú ar Fhoirgnimh Reatha 10% in aghaidh na bliana.
(iii) Daingneáin agus Feistis 20% in aghaidh na bliana.
(iv) Ríomhairí agus Trealamh Teicniúil raon ó 20% go 33.33% in aghaidh na bliana.

Is éard atá sa luach iarmharach an méid measta a gheofaí faoi láthair as diúscairt sócmhainne, tar éis costais mheasta diúscartha a asbhaint, dá mbeadh aois na sócmhainne agus an riocht lena raibh coinne ag deireadh a saolré úsáide cheana féin.

Má tá fianaise oibiachtúil ann ar lagú ar luach sócmhainne, aithnítear caillteanas lagaithe sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe sa bhliain.

**i) Sócmhainní Doláimhsithe**

Is é beartas an Bhoird Pleanála cuntas a thabhairt ar shócmhainní doláimhsithe faoi alt 18 de FRS102. Tosaíonn amúchadh sócmhainní a luaithe a fhorbraítear an tsócmhainn agus nuair a úsáidtear í:

Plean-IT/Caipiteal Tionscadail Forbartha Córas 20% in aghaidh na bliana líne dhíreach.

**j) Cuntas Caipitil**

Léiríonn an Cuntas Caipitil an méid ioncaim gan amúchadh a úsáidtear chun sócmhainní seasta a cheannach.

**k) Sochair Fostaithe**

Sochair ghearrthéarmacha

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha amhail pá saoire mar chostas sa bhliain, agus áirítear sochair fhabhraithe ag deireadh na bliana i bhfigiúr na nÍocaíochtaí sa Ráiteas Staide Airgeadais.

**l) Sochair Scoir**

(a) Feidhmíonn an Bord scéimeanna aoisliúntais sochair shainithe trí mheán ceithre scéim neamhspleácha éagsúla, is iad sin:

- Scéim Aoisliúntais Foirne an Bhoird Pleanála 1986 go 2006,
- Scéim Pinsean Ranníocach Céilí Foirne agus Leanaí an Bhoird Pleanála 1986,
- Scéim Aoisliúntais an Bhoird Phleanála (Cathaoirleach agus Comhaltaí) 1986 go 2009, agus
- An Bord Pleanála (Cathaoirleach agus Comhaltaí) Scéim Pinsean Ranníocach Céilí agus Leanaí 1986 go 2002.

Déantar foráil maidir le sochair aoisliúntais a íoc le fostaithe agus comhaltaí an Bhoird agus ina leith sna scéimeanna aoisliúntais sochair shainithe seo arna gceadú ag an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe faoi alt 119 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000.

Maoinítear na scéimeanna go bliantúil ar bhonn íoc mar a úsáidtear as an airgead atá ar fáil don Bhord, lena n-áirítear airgead ó chistí státchiste arna soláthar ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus ó ranníocaíochtaí a asbhaintear ó thuarastail na foirne agus na gcomhaltaí.

Léiríonn costais aoisliúntais sochair aoisliúntais a thuilleann comhaltaí agus fostaithe sa tréimhse agus taispeántar iad glan ar ranníocaíochtaí aoisliúntais foirne, a choimeádann an Bord.  Aithnítear méid a fhreagraíonn don mhuirear aoisliúntais mar ioncam a mhéid is in-aisghabhála é, agus déantar é a fhritháireamh le deontais a fuarthas le linn na bliana chun íocaíochtaí aoisliúntais a urscaoileadh.

Léirítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha a eascraíonn as dliteanais scéime sa Ráiteas Ioncaim Chuimsithigh agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid is in-aisghabhála ó chistí státchiste arna soláthar ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

Is éard is dliteanais aoisliúntais ann luach láithreach íocaíochtaí aoisliúntais amach anseo atá tuillte ag an bhfoireann go dtí seo. Léiríonn maoiniú aoisliúntais iarchurtha an tsócmhainn chomhfhreagrach atá le haisghabháil i dtréimhsí amach anseo ó chistí státchiste arna soláthar ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

(b) Feidhmíonn an Bord an Scéim Pinsin Aonair Seirbhíse Poiblí ("an Scéim Aonair"), ar scéim aoisliúntais le sochar sainithe í freisin do gach seirbhíseach poiblí inphinsin a cheaptar an 1 Eanáir 2013 nó dá éis. Tá rialacha na Scéime Aonair leagtha síos san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. Íoctar ranníocaíochtaí chomhaltaí na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadh PFN agus Athchóirithe.

**m) Costais Dhlíthiúla**

Tá sé mar pholasaí ag an mBord Pleanála íoc as a chostais dlí féin a bhaineann le hiarratais ar athbhreithniú breithiúnach ar chinntí an Bhoird tar éis cásanna den sórt sin a thabhairt i gcrích sna hUaschúirteanna ábhartha.

Tá sé mar pholasaí ag an mBord Pleanála freisin íoc as aon chostas dlí a dhámhtar ina choinne tar éis cásanna a thabhairt i gcrích i gcomhréir leis an toradh ar phlé/caibidlíochtaí socraíochta nó le breithniú foirmiúil costas ag Oifig na mBreithneoirí Costas Dlí.

Féachann an Bord, nuair is indéanta, lena chostais dlí a eascraíonn as caingne dlí a aisghabháil i gcás ina ndámhann na Cúirteanna na costais sin (féach Nóta 16(a)). Déantar cuntasaíocht ar chostais dhlíthiúla arna n-aisghabháil ar bhonn fáltais airgid agus déantar iad a ghlanluacháil in aghaidh táillí caiteachais dhlíthiúil sa bhliain reatha. Dá bhrí sin, ní thaifeadtar méideanna in-aisghabhála dlíthiúla sa Ráiteas Staide Airgeadais.

Déanann an Bord meastachán ar na táillí dlí ar chásanna a chinn na Cúirteanna laistigh den bhliain airgeadais. Déantar foráil maidir leis na costais dlí mheasta sin i ráitis airgeadais an Bhoird.

Táillí dlí i leith cásanna atá fós le cinneadh ag na Cúirteanna a rinneadh;

- Arna shonrascadh ag aturnaetha an Bhoird le linn na bliana airgeadais, gearrtar táillí caiteachais dhlíthiúil orthu sa bhliain.

- Tabhaithe ag an mBord ach gan bheith sonrasctha ag aturnaetha an Bhoird laistigh den bhliain airgeadais, déantar iad a mheas agus déantar foráil dóibh i ráitis airgeadais an Bhoird.

Ina theannta sin, déantar costais gan íoc a athbhreithniú agus a dhíscríobh nuair a mheastar nach féidir iad a aisghabháil.

**n) Léasanna Oibriúcháin**

Aithnítear caiteachas cíosa faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe thar shaolré an léasa. Aithnítear caiteachas ar bhonn líne dírí thar thréimhse an léasa.

**o) Infháltais**

Tomhaistear féichiúnaithe gearrthéarmacha ar phraghas an idirbhirt, lúide aon lagú. Níl aon iasacht infhála le tomhas.

**p) Airgead tirim agus Coibhéisí Airgid**

Is éard atá in airgead tirim airgead ar láimh agus taiscí le hinstitiúidí airgeadais is inaisíoctha gan phionós ar fhógra nach faide ná 24 uair an chloig. Is éard atá i gcoibhéisí airgid taiscí le hinstitiúidí airgeadais is inaisíoctha gan phionós ar fhógra nach faide ná 30 lá.

**q) Suimeanna iníoctha**

Tomhaistear creidiúnaithe gearrthéarmacha ar phraghas an idirbhirt. Níl aon dliteanais airgeadais eile, lena n-áirítear iasachtaí bainc, le tomhas.

**r) Beartas maidir le hairgeadra in úsáid**

Cuirtear na ráitis airgeadais i láthair in euro, arb é an t-airgeadra é don phríomhthimpeallacht eacnamaíoch ina bhfeidhmíonn An Bord Pleanála.

**s) Breithiúnais chriticiúla agus meastacháin chriticiúla**

Chun ráitis airgeadais a ullmhú, ní mór don lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a dhéanann difear do na méideanna a thuairiscítear le haghaidh ioncam agus caiteachas le linn na bliana. Ciallaíonn cineál an mheastacháin, áfach, go bhféadfadh na torthaí iarbhír a bheith éagsúil leis na

meastacháin sin. Bhí an éifeacht ba shuntasaí ag na meastacháin seo a leanas ar mhéideanna a aithníodh sna ráitis airgeadais.

(a) Forálacha

Déanann An Bord Pleanála meastachán ar an soláthar dlíthiúil a theastaíonn ag an dáta tuairiscithe airgeadais. Meastar an méid maidir leis an bhforáil seo ag €12,046,375 ar dháta an Ráitis ar an Staid Airgeadais (Nóta 16 (c)).

(b) Oibleagáid Sochar Scoir

Déantar na toimhdí is bun leis na luachálacha achtúireacha dá gcinntear na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí méadaithe ar leibhéil chúitimh amach anseo, rátaí mortlaíochta agus rátaí treochta costais cúraim sláinte) a thabhairt cothrom le dáta go bliantúil bunaithe ar dhálaí eacnamaíocha reatha, agus ar aon athrú ábhartha ar théarmaí agus coinníollacha na bpleananna pinsin agus iarscoir.

D’fhéadfadh tionchar a bheith ag na nithe seo a leanas ar thoimhdí:

(i) An ráta lascaine, athruithe ar an ráta toraidh ar bhannaí corparáideacha ardchaighdeáin.
(ii) Leibhéil chúitimh amach anseo, dálaí an mhargaidh saothair amach anseo.

## 2. Deontas Oireachtais

Na Deontais Oireachtais a vótáladh don Bhord Pleanála ó Vóta 34 - An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta mar a thaispeántar sna ráitis airgeadais, is éard atá iontu:

| | **Fo-cheanntásc** | **2023 €** | **2022 €** |
|---|---|---|---|
| Deontas le haghaidh caiteachais reatha arna oll-ardú | | 31,368,091 | 21,790,362 |
| Lúide Ranníocaíochtaí Aoisliúntais Fostaithe a coinníodh | | | |
| Ranníocaíochtaí fostaithe faoi scéimeanna aoisliúntais an Bhoird Pleanála coinnithe | | (489,091) | (376,162) |
| Deontas le haghaidh caiteachas reatha a fuarthas | D.*3* | 30,879,000 | 21,414,200 |
| Lúide ranníocaíochtaí Aoisliúntais Fostaithe a íoctar | | | |
| Ceadaithe don Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta | | (606,885) | (501,282) |
| Ceadaithe don Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe (SPASP) | | (229,818) | (198,924) |
| Glandeontas le haghaidh caiteachas reatha | | 30,042,297 | 20,713,994 |
| Deontas le haghaidh caiteachas straitéise – Córas Bainistithe Cásanna – faighte | D.*3* | 0 | 751,800 |
| Deontas Straitéise Meabhrúcháin a tugadh ar aghaidh ón mbliain roimhe sin | | 101,862 | 188,075 |
| Deontas Straitéise nár úsáideadh tugtha ar aghaidh go dtí an bhliain seo chugainn* | | 0 | (101,862) |
| | | **30,144,159** | **21,552,007** |

*Deontas Straitéise Iarchurtha nár caitheadh in 2023: €Nialas (2022: €101,862). Féach Nóta 14.

**(a) Ioncam ó Tháillí**

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Táillí a fuarthas maidir le hachomharc, cásanna atreoraithe | 1,643,772 | 1,865,758 |
| Aisíocaíochtaí i leith achomharc | (143,330) | (165,713) |
| | **1,500,442** | **1,700,045** |
| Táillí a fuarthas i ndáil le cásanna toilithe ionaid* | 7,775 | 39,472 |
| Aisghabháil costais ó iarratasóirí i ndáil le cásanna toilithe ionaid | 0 | 0 |
| Aisíocaíochtaí a dhéantar le hiarratasóirí | (3,050) | (38,000) |
| | **4,725** | **1,472** |
| | **1,505,167** | **1,701,517** |

*Táillí iarratais ar thoiliú ionaid a fhaightear de réir alt 177M den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú.

**3. (b) Táillí Tithíochta Straitéisí**

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Táillí a fuarthas maidir le Tithíocht Straitéiseach[1] | 220 | 6,486,555 |
| Roinn 9(13) (d) íocaíochtaí pionóis[2] | (80,000) | (1,340,000) |
| Aisíocaíochtaí maidir le Tithíocht Straitéiseach 3 | (39,730) | (977,530) |
| Dliteanas Aisíocaíochta maidir le Tithíocht Straitéiseach [3] | 0 | (2,387,281) |
| | **(119,510)** | **1,781,744** |

[1]Tháinig an tAcht um Pleanáil agus Forbairt (Tithíocht) agus Tionóntachtaí Cónaithe 2016 agus na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt (Forbairt Straitéiseach Tithíochta), 2017, i bhfeidhm faoi I.R. Uimh. 270 de 2017 agus I.R. Uimh. 271 de 2017, ar an 3 Iúil 2017. Fuarthas táille iarratais ar mhodhnú amháin in 2023.

[2] An tAcht um Pleanáil agus Forbairt (Tithíocht) agus um Thionóntachtaí Cónaithe, 2016 Alt 9(13)(d) - sa chás gur theip ar an mBord cinneadh a dhéanamh faoin alt seo maidir le hiarratas laistigh den tréimhse shonraithe in Alt 9 (9)(a), tá íocaíocht phionóis iníoctha leis an iarratasóir. Rinneadh 8 n-íocaíocht phionóis, a bhaineann leis an gcuid eile de chinntí déanacha FTS, go luath in 2023.

[3] Faightear táillí Tithíochta Straitéisí de réir ailt 4 agus 5 den Acht um Pleanáil agus Forbairt (Tithíocht) agus um Thionóntachtaí Cónaithe, 2016. Faoi Airteagal 305 de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001, arna leasú, ceanglaítear ar an mBord Pleanála 50% de na táillí iarratais a fhaightear ar na cásanna sin a íoc leis an Údarás Pleanála ábhartha.

### 3. (c) Táillí i leith Forbairt Chónaithe ar Mhórscála

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Táillí a fuarthas maidir le Forbairt Chónaithe ar Mhórscála [1] | 83,770 | 17,610 |
| Roinn 126B(4) íocaíochtaí pionóis[2] | (10,000) | 0 |
| Aisíocaíochtaí maidir le Forbairt Chónaithe ar Mhórscála | (3,210) | (3,270) |
| | **70,560** | **14,340** |

[1]Tháinig an tAcht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) (Forbairt Chónaithe Mhórscála), 2021 i bhfeidhm ar an 17ú lá de Nollaig 2021.

[2] An tAcht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) (Forbairt Chónaithe Mhórscála), 2021 Alt 126B(4) - sa chás gur theip ar an mBord cinneadh a dhéanamh faoin alt seo maidir le hiarratas laistigh den tréimhse shonraithe tá íocaíocht phionóis iníoctha leis an iarratasóir. Rinneadh íocaíocht phionóis amháin in 2023.

### 4. Táillí Bonneagair Straitéisigh agus Aisghabháil Costais

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Táillí a fuarthas maidir le forbairt bonneagair straitéisigh[1] | 4,739,470 | 3,816,380 |
| Aisghabháil costas ó iarratasóirí maidir le forbairt bonneagair straitéisigh (Nóta 1(g)) | 366,650 | 394,462 |
| Aisíocaíochtaí a íocadh le hiarratasóirí maidir le bonneagar straitéiseach (Nóta 1(g)) | 871,376 | 974,983 |
| Dliteanas Aisíocaíochta maidir le bonneagar straitéiseach (Nóta 1(g)) | (208,816) | (190,000) |
| | **4,025,928** | **3,045,859** |

[1] Táillí Iarchurtha €173,500 laistigh de Chreidiúnaithe atá dlite laistigh d'fhigiúr bliana amháin (Nóta 14).

**5. Ioncam Eile**

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Ioncam Ilchineálach | 4,472 | 5,179 |
| Ús ar Thaiscí | 1,688 | 0 |
| Brabús ar Shócmhainní Seasta a dhiúscairt | 100 | 200 |
| | **6,260** | **5,379** |

**6. Tuarastail agus Liúntais**

An 31 Nollaig 2023, bhí 14 ghnáthchomhalta ar an mBord, a bhfuil duine amháin acu ina Leas-Chathaoirleach freisin (seisear comhaltaí ag deireadh 2022). Comhaltas lánaimsire is ea comhaltas an Bhoird.

Chomh maith le comhaltaí an Bhoird amhail an 31 Nollaig 2023, bhí:

| | |
|---|---|
| Fostaithe coibhéiseacha lánaimseartha | 232.9 (191.0 in 2022) |
| Bainistíocht | 21.7 (17.7 in 2022) |
| Teicniúil | 86.1 (65.0 in 2022) |
| Riarachán | 125.1 (108.3 in 2022) |

Ba é 209.9 (190.8 in 2022) meánlíon na bhfostaithe coibhéiseacha lánaimseartha le linn na bliana. Socraíonn an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta leibhéil foirne toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe.

***(a) Luach Saothair agus Costais Pá Eile***

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Sochair ghearrthéarmacha foirne | 14,991,584 | 12,636,741 |
| Coigeartú fabhraithe saoire bliantúla | (33,012) | (131,182) |
| Comhaontú téarfa[1&2] | 212,850 | 0 |
| Costais sochair scoir [3] | 6,136,282 | 5,650,304 |
| Ranníocaíocht an fhostóra le leas sóisialach | 1,410,673 | 1,158,164 |
| | **22,718,377** | **19,314,027** |

[1]Tar éis cead a fháil ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe, tríd an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, rinneadh comhaontú téarfa in 2023 idir An Bord Pleanála agus ball foirne de réir chiorclán 09/2018 "Comhdhlúthú socruithe maidir le téarmaí téarfa a thairiscint sa státseirbhís agus sa tseirbhís phoiblí".

[2]Tabhaíodh costais dlí €46,100 freisin i ndáil leis an gcomhaontú téarfa a thabhairt i gcrích.

[3]Costais sochair scoir arna laghdú de réir mhéideanna;

€606,885 (2022: €501,282) íoctha leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta i leith ranníocaíochtaí aoisliúntais breise (RAB),

€229,818 (2022: €198,924) íoctha leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe i leith ranníocaíochtaí na Scéime Pinsin Aonair Seirbhíse Poiblí (SPASP) agus €489,091 (2022: €376,162) Ranníocaíochtaí fostaithe arna gcoinneáil ag an mBord Pleanála a bhaineann le Scéimeanna Aoisliúntais an Bhoird.

### *(b) Sochair Ghearrthéarmacha Foirne*

| | **2023** | **2022** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Bunphá | 14 751 495 | 12 483 061 |
| Ragobair | 54,585 | 2,632 |
| Íocaíochtaí na Scéime Dreasaithe | 185,504 | 151,048 |
| | **14,991,584** | **12,636,741** |

### *(c) Luach saothair an Chathaoirligh*

Is éard a bheidh sa luach saothair iomlán a íocfar le post an Chathaoirligh in 2023:

| | **2023** | **2022** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Tuarastal an Chathaoirligh (tháinig téarma oifige chun deiridh an 3 Samhain 2022) | 0 | 193,710 |
| Sochar Comhchineáil | 0 | 0 |
| Cathaoirleach Eatramhach Tuarastal ceaptha an 11 Eanáir 2023 (tháinig téarma oifige chun deiridh an 1 Meán Fómhair 2023) | 145,810 | 0 |
| Sochar Comhchineáil | 0 | 0 |
| Tuarastal an Chathaoirligh Eatramhaigh ceaptha an 2 Meán Fómhair 2023 | 69,618 | 0 |
| Sochar Comhchineáil | 0 | 0 |
| | **215,428** | **193,710** |

Ní théann teidlíochtaí pinsin an Chathaoirligh thar na teidlíochtaí caighdeánacha sa tsamhail de scéim aoisliúntais sochair shainithe na hearnála poiblí.

***(d) Díolaíochtaí chomhaltaí an Bhoird***

| **Comhaltas Boird** | **Sochar Comhchineáil Ballraíocht Ghairmiúil** | **Dearbhaithe Speansais** | **Iomlán Caiteachas €** |
|---|---|---|---|
| Oonagh Buckley - ceaptha ina Leas-Chathaoirleach Eatramhach 14/12/2022 agus ceaptha ina Chathaoirleach Eatramhach 11/01/2023 (tháinig téarma oifige chun deiridh an 01/09/2023) | 0<br>0 | 346<br>0 | 346<br>0 |
| Chris McGarry ceaptha mar Leas-Chathaoirleach 12/01/2023 | 957 | 524 | 1,481 |
| An Dr Maria FitzGerald (tháinig téarma oifige chun deiridh an 10/02/2023) | 0 | 0 | 0 |
| Michelle Fagan (tháinig téarma oifige chun deiridh an 11/02/2023) | 0 | 0 | 0 |
| Stephen Bohan | 0 | 160 | 160 |
| Patricia Calleary | 675 | 717 | 1,392 |
| Mick Long ceaptha 03/01/2023 | 0 | 280 | 280 |
| Cheap Peter Mullan 09/01/2023 agus cheap sé Cathaoirleach Eatramhach 02/09/2023 | 0 | 275 | 275 |
| Stephen Brophy ceaptha 09/01/2023 | 0 | 277 | 277 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Una Crosse ceaptha 27/02/2023 | 0 | 279 | 279 |
| Tom Rabbette ceaptha 01/03/2023 | 0 | 235 | 235 |
| Mary Henchy ceaptha 17/04/2023 | 0 | 195 | 195 |
| Eamon J. Kelly ceaptha 24/04/2023 | 0 | 24 | 24 |
| Joe Boland an 24/04/2023 | 0 | 202 | 202 |
| Mary Cregg ceaptha 24/04/2023 | 0 | 247 | 247 |
| Martina Hennessy ceaptha 24/04/2023 | 0 | 193 | 193 |
| Eamon P. Kelly ceaptha an 24/04/2023 (tháinig téarma oifige chun deiridh an 05/07/2023) | 0 | 105 | 105 |
| Liam Bergin ceaptha 01/08/2023 | 0 | 24 | 24 |
| Stewart Logan ceaptha 26/09/2023 | 0 | 32 | 32 |
| | **1,632** | **4,115** | **5,747** |

***(e)*** **Príomhbhainistíocht a nochtadh**

Áirítear leis an bpríomhbhainistíocht Cathaoirleach, Leas-Chathaoirleach, Comhaltaí Boird, Príomhoifigeach, Stiúrthóirí Pleanála, Stiúrthóir Gnóthaí Dlí agus Stiúrthóir Gnóthaí Corparáideacha. Taispeántar thíos an cúiteamh a íocadh nó is iníoctha leis an bpríomhbhainistíocht as seirbhísí fostaithe:

| | **2023** | **2022** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Tuarastail agus sochair ghearrthéarmacha eile | 2,376,717 | 1,433,598 |

***(f) Miondealú ar shochair fostaithe (lena n-áirítear comhaltaí an Bhoird)***

Déantar sochair ghearrthéarmacha Bhaill an Bhoird agus Fostaithe de bhreis ar €60,000 a chatagóiriú sna bandaí seo a leanas:

| **Raon iomlán na sochar fostaithe** | | | **Líon Fostaithe** | |
|---|---|---|---|---|
| **Ó** | | **Go** | **2023** | **2022** |
| €60,000 | - | €69,999 | 16 | 10 |
| €70,000 | - | €79,999 | 13 | 22 |
| €80,000 | - | €89,999 | 31 | 23 |
| €90,000 | - | €99,999 | 17 | 19 |
| €100,000 | - | €109,999 | 14 | 9 |
| €110,000 | - | €119,999 | 9 | 6 |
| €120,000 | - | €129,999 | 2 | 2 |
| €130,000 | - | €139,999 | 3 | 3 |
| €140,000 | - | €149,999 | 0 | 0 |
| €150,000 | - | €159,999 | 2 | 0 |
| €160,000 | - | €169,999 | 0 | 0 |
| €170,000 | - | €179,999 | 0 | 0 |
| €180,000 | - | €189,999 | 1 | 0 |
| €190,000 | - | €199,999 | 0 | 1 |
| | | | 108 | 95 |

**Nóta:** i gcrích an nochta seo, áirítear tuarastal, liúntais eile agus íocaíochtaí eile a íocadh leis an bhfostaí sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 i sochair ghearrthéarmacha fostaithe i ndáil le seirbhísí a tugadh le linn na tréimhse tuairiscithe, ach ní áirítear méideanna ÁSPC an fhostóra. Tá costais iasachta don eagraíocht liostaithe mar chostais a ghearrtar.

## 7. Costais Sochair Scoir

### *(a) Anailís ar chostais sochair scoir iomlána a ghearrtar ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe*

| | 2023<br>€'000 | 2022<br>€'000 |
|---|---|---|
| Costais reatha seirbhíse | 3,072 | 4,713 |
| Ús ar dhliteanais scéime sochair scoir | 4,390 | 2,014 |
| Ranníocaíochtaí Fostaithe (lena n-áirítear ranníocaíochtaí fostaithe coinnithe agus ranníocaíochtaí fostaithe SPASP agus ASC a chuirtear ar aghaidh chuig Ranna) | (1,326) | (1,077) |
| | **6,136** | **5,650** |

### *(b) Gluaiseacht i nglanoibleagáidí sochair scoir le linn na bliana airgeadais*

| | 2023<br>€'000 | 2022<br>€'000 |
|---|---|---|
| Glanoibleagáid sochair scoir an 1 Eanáir | (123,626) | (169,652) |
| Costais reatha seirbhíse | (3,072) | (4,713) |
| Costais úis | (4,390) | (2,014) |
| Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach | (14,963) | 49,824 |
| Pinsin a íoctar sa bhliain | 3,549 | 2,929 |
| **Glanoibleagáid sochair scoir an 31 Nollaig** | **(142,502)** | **(123,626)** |

### *(c) Maoiniú iarchurtha le haghaidh sochair scoir*

Aithníonn an Bord na méideanna sin mar shócmhainn a chomhfhreagraíonn don dliteanas iarchurtha neamhmhaoinithe le haghaidh sochair scoir ar bhonn na sraithe toimhdí a thuairiscítear thuas agus roinnt teagmhas roimhe seo. Áirítear leis na teagmhais sin an bonn reachtúil chun na scéimeanna sochair scoir a bhunú, agus an beartas agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le pinsin seirbhíse poiblí a mhaoiniú lena n-áirítear ranníocaíochtaí ó fhostaithe agus an próiseas meastachán bliantúil. Níl aon fhianaise ag an mBord nach leanfaidh an beartas maoiniúcháin sin de shuimeanna den sórt sin a íoc de réir an chleachtais reatha.

Is mar seo a leanas a bhí an glanmhaoiniú iarchurtha le haghaidh sochair scoir a aithnítear sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe:

| | **2023 €'000** | **2022 €'000** |
|---|---|---|
| Maoiniú in-aisghabhála maidir le costais sochair scoir na bliana reatha | 7,462 | 6,727 |
| Deontas stáit a chuirtear i bhfeidhm chun sochair scoir a íoc | (3,549) | (2,929) |
| | **3,913** | **3,798** |

Is é an tsócmhainn cistiúcháin iarchurtha le haghaidh sochair scoir amhail an 31 Nollaig 2023 €142.5m (2022: €123.6m).

***(d) Stair na n-oibleagáidí sochair shainithe***

| | **2023 €'000** | **2022 €'000** | **2021 €'000** | **2020 €'000** |
|---|---|---|---|---|
| Oibleagáidí sochair shainithe (féach Nóta 7(f)) | 142,502 | 123,626 | 169,652 | 164,305 |
| Caillteanais/(gnóthachain) taithí ar dhliteanais scéime sochair shainithe | 6,356 | 10,283 | (1,450) | (496) |
| Céatadán na ndliteanas scéime | 4.46% | 8.31% | 0.86% | 0.30% |

***(e) Tuairisc ghinearálta ar na scéimeanna***

Nochtar na scéimeanna sochair scoir atá á riar ag an mBord faoi láthair i mBeartas Cuntasaíochta 1(l).

Is iad na ceithre scéim de chuid an Bhoird Pleanála na socruithe pinsin le sochar sainithe deiridh le sochair agus ranníocaíochtaí sainithe trí thagairt do na scéimeanna agus do rialacháin ghinearálta phinsin. Is í an ghnáthaois scoir ar na scéimeanna thuas 65 bliain d'aois, agus tá tú i dteideal dul ar scor gan laghdú achtúireach ag 60 bliain d'aois agus uasmhéid 70 bliain d'aois ar aon dul leis an Acht um Aoisliúntas na Seirbhíse Poiblí (Aois Scoir), 2018. Níl uasaois scoir ag comhaltaí tar éis Aibreán 2004 (Iontrálaithe Nua).

An Scéim Pinsin Aonair Seirbhíse Poiblí (SPASP) Nóta 7(f).

Ó 2013 i leith, tá an SPASP á riar ag an mBord, agus is pinsin sochair shainithe atá nasctha le CPI é ar bhonn mheánphá gairme. Socraítear an ghnáthaois phinsin, ar dtús, ag 66 bliana d'aois, ag athrú de réir aon ghluaiseachta reachtúla in aois an Phinsin Stáit. Tá aois scoir éigeantaigh 70 bliain aige.

Soláthraíonn na scéimeanna uile thuas íocaíocht bhliantúil phinsin agus chnapshuime agus tá siad faoi réir theidlíochtaí pinsin na gcéilí agus na leanaí.

Tá an luacháil a úsáideadh le haghaidh nochtuithe FRS102 bunaithe ar luacháil achtúireach iomlán arna déanamh an 16 Aibreán 2024 ag achtúire neamhspleách cáilithe, agus ceanglais FRS á gcur san áireamh d'fhonn dliteanais na scéime a mheasúnú an 31 Nollaig 2023.

Ba iad seo a leanas na príomhthoimhdí tuisceana achtúireacha:

| | **2023** | **2022** |
|---|---|---|
| Ráta an mhéadaithe ar thuarastail | 3.50% | 3.60% |
| Ráta an mhéadaithe ar shochair scoir in íocaíocht- An Phríomh-Scéim | 3.00% | 3.10% |
| Ráta an mhéadaithe ar shochair scoir in - Scéim Aonair | 2.10% | 2.40% |
| Ráta lascaine | 3.15% | 3.60% |
| Ráta boilscithe | 2.30% | 2.60% |

Mortlaíocht

58% de PNML00[1] i gcás na bhfear, le feabhsúcháin (féach thíos).

62% de PNFL00[2] i gcás na mban, le feabhsúcháin (féach thíos).

Méadaítear fachtóirí blianachta de 0.36% in aghaidh na bliana (Fir nach bhfuil i Scéim na gCéilí agus na Leanaí) go 0.30 % in aghaidh na bliana (Mná nach bhfuil i scéim na gCéilí agus na Leanaí agus Baill Scéim na gCéilí agus na Leanaí) i gcás gach bliana idir 2014 agus an bhliain scoir.

[1]PNML00 Pinsinéir, Gnáthshaol na bhFear - ar bhonn suirbhéanna taithí go luath sna 2000idí.

[2]PNFL00 Pinsinéir, Gnáthshaol na mBan - ar bhonn suirbhéanna taithí go luath sna 2000idí.

Leis an mbonn mortlaíochta, ceadaítear go sainráite feabhsuithe ar an ionchas saoil le himeacht ama, ionas go mbeidh an t-ionchas saoil ag tráth an scoir ag brath ar an mbliain ina mbainfidh ball aois scoir amach. Léirítear sa tábla thíos an t-ionchas saoil do bhaill a shroich 65 bliana d'aois in 2023 agus 2043.

| An bhliain ina slánaítear 65 | 2023 | 2043 |
|---|---|---|
| Ionchas saoil – fireann | 21.9 | 24.2 |
| Ionchas saoil – baineann | 24.3 | 26.3 |

***(f) An Scéim Pinsin Aonair Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair)***

Feidhmíonn an Bord an Scéim Pinsin Aonair Seirbhíse Poiblí ("an Scéim Aonair"), ar scéim aoisliúntais le sochar sainithe í freisin do gach seirbhíseach poiblí inphinsin a cheaptar an 1 Eanáir 2013 nó dá éis. Tá rialacha na Scéime Aonair leagtha síos san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. Íoctar ranníocaíochtaí chomhaltaí na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadh PFN agus Athchóirithe.

Íocadh méid €229,818 (2022: €198,924) leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe i leith ranníocaíochtaí fostaithe na Scéime Aonair.

Déantar foráil sa Scéim Aonair do chnapshuim pinsin agus scoir ar bhonn luach saothair inphinsin ar an meán gairme. Is é 66 bliana an aois íosta pinsin (ag athrú de réir aois an phinsin Stáit). Áirítear leis saoráid luathscoir a laghdaítear go hachtúireach ó 55 bliana d'aois ar aghaidh. Méadaíonn pinsin in íocaíochtaí i gcomhréir leis an treoir-innéacs praghsanna do thomhaltóirí.

Aithnítear an figiúr oibleagáide sochair shainithe a bhaineann leis an Scéim Aonair mar €3,904,000 (2022: €2,958,000). Áirítear an figiúr sin i bhfigiúr iomlán na n-oibleagáidí sochair shainithe de €142,502,000 (2022: €123,626,000) i Nóta 7 (d).

## 8. Costais Bhunaíochta

| | Nóta | 2023<br>€ | 2022<br>€ |
|---|---|---|---|
| Táillí cíosa agus seirbhíse* # | 18 | 1,933,989 | 1,786,092 |
| Deisiúcháin agus cothabháil | | 149,860 | 104,084 |
| Árachas | | 43,969 | 39,265 |
| Solas agus Teas | | 153,678 | 142,447 |
| Dímheas | | 298,389 | 332,905 |
| | | **2,579,885** | **2,404,793** |

**Áirítear €7,668 costais fáilteachais le táillí cíosa agus seirbhíse*

*# €3,433 airgead bailithe ón bhfoireann maidir le soláthar deochanna/sneaiceanna fritháirithe i gcoinne Cíosa agus táillí seirbhíse*

## 9. Costais oibriúcháin

| | Nóta | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| Taisteal agus cothabháil* | | 178,288 | 124,254 |
| Táillí dlí | 16 | 11,115,067 | 10,004,496 |
| Trealamh oifige agus stáiseanóireacht | | 279,519 | 252,239 |
| Teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide | | 1,479,297 | 1,272,694 |
| Forbairt agus oibríochtaí Chórais TFC | | 779,493 | 838,013 |
| Priontáil agus leabhair | | 22,867 | 18,983 |
| Fógraí reachtúla | | 13,151 | 37,741 |
| Earcaíocht, oiliúint agus forbairt foirne agus comhdhálacha | | 239,510 | 164,931 |
| Postas agus Lóistíocht | | 168,673 | 159,362 |
| Táillí agus seirbhísí sainchomhairleoirí | 17 | 645,549 | 258,728 |
| Táillí iniúchta | | 26,600 | 24,200 |
| Foráil maidir le Fiachas Amhrasach | | 0 | 0 |
| Ilearraí | | 13,304 | 59,466 |
| | | **14,961,318** | **13,215,107** |

**Áirítear €3,594 de chostais taistil eachtracha i bhfigiúr taistil agus cothabhála*

## 10. Laghdú ar Luach Sócmhainní Seasta

| | Nóta | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| Dímheas maoine, gléasra agus trealaimh | 12 | 298,389 | 332,905 |
| | | **298,389** | **332,905** |

## 11. Cuntas Caipitil

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Iarmhéid tosaigh | 310,045 | 632,486 |
| Ioncam arna leithdháileadh chun críocha caipitil (comhlán na ndiúscairtí sócmhainní) | 243,532 | 10,464 |
| An méid a scaoileadh ar dhiúscairt sócmhainní dochta | 0 | 0 |
| Amúchadh i gcomhréir le dímheas sócmhainní | (298,389) | (332,905) |
| **Comhardú deiridh** | **255,188** | **310,045** |

## 12. Sócmhainní Neamhreatha - Sócmhainní Seasta[1] agus Sócmhainní Doláimhsithe[2]

| | Áitreabh Léasachta[1] € | Troscáin agus Feistis[1] € | Trealamh TF agus Oifige[1] € | Plean-IT Tionscnamh/Forbairt Córais [2] € | Iomlán € |
|---|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | | |
| Ar an 1 Eanáir | 6,683,225 | 877,957 | 2,366,586 | 1,347,801 | **11,275,569** |
| Breiseanna | 0 | 0 | 243,532 | 0 | **243,532** |
| Diúscairtí | 0 | 0 | (915) | 0 | **(915)** |
| **Ar an 31 Nollaig** | **6,683,225** | **877,957** | **2,609,203** | **1,347,801** | **11,518,186** |
| **Dímheas** | | | | | |
| Ar an 1 Eanáir | 6,683,225 | 796,086 | 2,236,850 | 1,249,363 | **10,965,524** |
| Muirear don bhliain | 0 | 78,700 | 166,232 | 53,457 | **298,389** |
| Diúscairtí | 0 | 0 | (915) | 0 | **(915)** |
| **Ar an 31 Nollaig** | **6,683,225** | **874,786** | **2,402,167** | **1,302,820** | **11,262,998** |
| **Glanluach de réir na Leabhar** | | | | | |
| Ar an 1 Eanáir | 0 | 81,871 | 129,736 | 98,438 | **310,045** |
| Glanghluaiseacht don bhliain | 0 | (78,700) | 77,300 | (53,457) | **(54,857)** |
| **Ar an 31 Nollaig** | **0** | **3,171** | **207,036** | **44,981** | **255,188** |

1 Sócmhainní Neamh-Reatha - Sócmhainní Seasta.

2 Forbairt Tionscnaimh/Córais Phlean-IT - Sócmhainní Neamhfhisiciúla le linn forbartha lena n-áirítear eolas, bogearraí agus sócmhainní doláimhsithe ríomhaire-bhunaithe eile.

Cuireadh tús leis an Tionscnamh Plean-IT, ina raibh córas bainistithe cásanna, córas faisnéise geografaí (CFG) agus suíomh gréasáin/tairseach, in 2014 agus cuireadh i gcrích é in 2021.

Déantar caiteachas ó 2022 i bhForbairt Córas Bainistithe Cásanna, caipiteal agus tomhaltán, a thaifeadadh faoi Fhorbairt Córais TFC.

## 13. Infháltais

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Féichiúnaithe | 41,860 | 0 |
| Lúide Foráil maidir le Fiachas Amhrasach | (0) | (0) |
| Glanfhéichiúnaithe | 41,860 | 0 |
| Réamhíocaíochtaí | 761,995 | 685,997 |
| | **803,855** | **685,997** |

## 14. Suimeanna iníoctha

***Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin***

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Creidiúnaithe Trádála | 150,960 | 132,346 |
| Cánachas agus Leas Sóisialach dlite do na Coimisinéirí Ioncaim | 612,740 | 495,172 |
| Forálacha Dlíthiúla (Nóta 16c) | 12,046,375 | 9,887,657 |
| Ioncam Deontais Iarchurtha (Nóta 2) | 0 | 101,862 |
| Ioncam ó Tháillí Iarchurtha (Nóta 4) | 173,500 | 128,530 |
| Fabhruithe | 4,936,348 | 6,021,364 |
| | **17,919,923** | **16,766,931** |

## 15. Teagmhais maidir le Caingne Dlí

Tá dliteanas teagmhasach de mhéid neamhchinntithe ann mar thoradh ar chaingne dlí in aghaidh an Bhoird maidir lena chinntí ar achomhairc phleanála agus ar chásanna eile. Is é beartas an Bhoird cur in aghaidh gníomhaíochtaí den sórt sin, i gcás inarb iomchuí.

## 16 Costais Dhlíthiúla

Mar a léirítear i Nóta 1(m) sa Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta, íocann an Bord costais dlí áirithe ar dtús agus leantar den aisghabháil. Is mar seo a leanas a bhí an staid in 2023 maidir leis na costais in-aisghabhála sin:

**(a) Costais Dlí in-aisghabhála (meabhrán):**

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Gan íoc an 1 Eanáir | 2,908,366 | 2,393,361 |
| Aisghafa le linn bhliain [1] | (26,990) | (8,000) |
| Costais in-aisghabhála a thagann chun cinn le linn na bliana | 0 | 530,605 |
| Costais a díscríobhadh le linn na bliana | 0 | 0 |
| Costais athainmnithe le linn bhliain[2] | 0 | (7,600) |
| | **2,881,376** | **2,908,366** |

Déanann an Bord athbhreithniú leanúnach ar in-aisghabhálacht na gcostas thuas. Tá coinne nach n-aisghabhfar méid suntasach de.

[1] Rinneadh an méid a gnóthaíodh a ghlanluach//áil in aghaidh táillí dlíthiúla sa bhliain reatha.

[2]Costais a measadh ar dtús a bheith in-aisghabhála sular tugadh caingne dlí i gcrích agus atá á n-athainmniú anois de bhun cinntí cúirte.

**(b) Táillí Dlí:**

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Costais in-aisghabhála a thagann chun cinn le linn na bliana | 0 | 530,605 |
| Aisghafa i rith na bliana | (26,990) | (8,000) |
| Glanchostais in-aisghabhála | (26,990) | 522,605 |
| | | |
| Costais neamh-in-aisghabhála | 4,824,560 | 4,650,845 |
| Costais thánaisteacha eile a íoc | 6,317,497 | 4,831,046 |
| | **11,115,067** | **10,004,496** |

**(c) Réiteach gluaiseachta i bhForálacha Dlí don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023:**

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Foráil dhlíthiúil amhail an 1 Eanáir | 9,887,657 | 8,086,156 |
| Íocaíochtaí dlíthiúla a rinneadh sa bhliain | (3,266,500) | (2,251,131) |
| Athrú ar fhorálacha ón mbliain roimhe sin | (104,782) | (251,868) |
| Foráil do chásanna a cinneadh sa bhliain | 5,530,000 | 4,304,500 |
| Forálacha a bhaineann le cásanna neamhchinnte go dtí seo | 0 | 0 |
| **Foráil dlí amhail an 31 Nollaig (Nóta 14)** | **12,046,375** | **9,887,657** |

**17. Táillí agus Seirbhísí na gComhairleoirí**

Fostaíonn an Bord cigirí comhairleacha páirtaimseartha ar bhonn táille in aghaidh an cháis i gcomhréir le rátaí arna gceadú ag an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe. Ina theannta sin, fostaíonn an Bord, de réir alt 124 d'Acht 2000, sainchomhairleoirí agus comhairleoirí eile, de réir mar is gá chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh. In 2023, tháinig 14 % (2022: 1.9%) de thuarascálacha uile na gcigirí a tháinig ó chigirí sainchomhairleacha agus maidir le táillí na gcigirí sin, mar aon leis na costais ghaolmhara a bhaineann le héisteachtaí ó bhéal a thaifeadadh, ba iad 74% (2022: 35 %) de na táillí comhairliúcháin agus na costais seirbhísí uile.

Is é €4,699 méid iomlán na dtáillí (2022: €3,597) a íocadh le beirt chomhaltaí sheachtracha den choiste iniúchóireachta agus íocadh €23 speansais (2022: nialas) le beirt chomhaltaí sheachtracha den choiste iniúchóireachta. Áirítear na méideanna sin sa cheannteideal 'Táillí agus seirbhísí sainchomhairleoirí' i Nóta 9.

**18 Gealltanais Léasa**

Tá an Bord lonnaithe in áitreabh ag 64 Sráid Maoilbhríde, Baile Átha Cliath 1, atá ar léas 25 bliana ó Eanáir 2002 go Nollaig 2026, agus íocann sé cíos ar an áitreabh sin.

Déanann An Bord Pleanála meastachán ar na híocaíochtaí léasa seo a leanas faoi léasanna oibriúcháin neamh-inchealaithe do gach ceann de na tréimhsí seo a leanas:

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** |
| Iníoctha taobh istigh de bhliain amháin | 1,296 | 1,296 |
| Iníoctha laistigh de dhá bhliain go cúig bliana | 2,592 | 3,887 |
| Iníoctha tar éis cúig bliana[1] | 0 | 0 |
| | **3,888** | **5,183** |

[1]Níl an próiseas caibidlíochta maidir le hathnuachan léasa tugtha i gcrích go fóill. Idir an dá linn, níl aon fhigiúr ar fáil le haghaidh na tréimhse is iníoctha tar éis 2026.

Méideanna léasa oibriúcháin a aithnítear mar speansas iomlán €1,300,740 (2022: €1,295,820).

Leithdháileadh na costais i ndáil leis an bhfeistiú agus nithe áirithe eile, seachas gnáthchostais bhunaithe agus oibriúcháin, chun críocha caipitiúla agus áiríodh iad faoi Áitreabh Léasachta i Sócmhainní Seasta. Déileáiltear le feabhsúcháin leanúnacha ar an áitreabh ar an mbealach céanna.

**19. Comhaltaí an Bhoird agus Leasanna Foirne**

Nuair is gá, déanann comhaltaí an Bhoird agus baill foirne áirithe dearbhuithe/nochtadh leasanna de réir fhorálacha an Achta um Pleanáil agus Forbairt, 2000.

Foráiltear le halt 147 d'Acht 2000 do dhearbhuithe reachtúla ó chomhaltaí agus ó bhaill foirne áirithe maidir le leasanna áirithe. Coinníonn an Rúnaí clár leasanna de réir alt 147 den Acht agus tá sé ar fáil lena iniúchadh ag an bpobal le linn uaireanta oifige.

Baineann alt 148 d'Acht 2000 le nochtadh maidir le leas airgid nó leas tairbhiúil eile in aon achomharc nó ábhar eile a bheidh le cinneadh ag an mBord, nó atá ábhartha i leith aon achomhairc nó ábhair eile den sórt sin. In 2023, rinne comhaltaí an Bhoird nochtaí nialais (2022: nialas), rinne an fhoireann nochtaí nialasacha (2022: ceann amháin) agus rinne sainchomhairleoirí nochtaí nialais (2022: nialas).

Éilíonn Alt 150 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú, ar an mBord Pleanála cód Iompair a ghlacadh chun déileáil le coinbhleachtaí leasa agus chun muinín an phobail as ionracas i seoladh a ghnó a chur chun cinn.

Éilíonn an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016 freisin cód iompair scríofa den sórt sin do chomhaltaí Boird agus d'fhostaithe. Tá cód den sórt sin glactha ag an mBord, agus tá feidhm aige maidir le comhaltaí, foireann áirithe agus daoine eile a mbaineann an Bord leas as a gcuid seirbhísí. Tá ceanglais bhreise maidir le nochtadh ag Roinn 2 den Chód thar na ceanglais a leagtar amach i Roinn

148 agus in 2023, rinne comhaltaí an Bhoird 39 nochtadh (2022: cúig cinn), rinne an fhoireann 48 nochtadh (2022: cúig cinn) agus rinne sainchomhairleoirí 11 nochtadh (2022: nialas) faoin gCód.

Ina theannta sin, tá comhaltaí agus baill foirne áirithe faoi réir cheanglais na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001, agus déantar ráitis bhliantúla maidir le leasanna inchláraithe faoi na hAchtanna. In 2023, 15 (2022: trí cinn) rinne triúr comhaltaí a bhí ann cheana ráitis de réir na nAchtanna.

**20. Imeachtaí tar éis an dáta tuairiscithe**

D'fhoilsigh an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, Darragh O'Brien, Plean Gníomhaíochta don Bhord Pleanála i mí Dheireadh Fómhair 2022 agus dúirt sé "Beidh an plean gníomhaíochta seo ina bhonn taca do mhuinín i gcumas an Bhoird cinntí pleanála a dhéanamh ar bhealach cothrom, ag tacú le luachanna an neamhspleáchais, na neamhchlaontachta agus na sláine mar a chuirtear in iúl ina ráiteas straitéise. Tá athruithe bunúsacha agus reachtacha á ndéanamh againn a mbeidh tionchar acu ar phróiseas ceapacháin, ar struchtúr, ar acmhainneacht agus ar oibríochtaí an Bhoird.'

Thug an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta faoi athbhreithniú ar Reachtaíocht Pleanála agus cuireadh Dréachtbhille faoi bhráid an Rialtais i mí na Nollag 2022. Beidh aon athrú, lena n-áirítear athruithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar struchtúr corparáideach/eagraíochta an Bhoird Pleanála, faoi réir achtú reachtaíochta agus reachtaíocht thánaisteach tosaíochta a bhfuil coinne leis in 2024.

Tá An Bord Pleanála sásta gur féidir leis leanúint ar aghaidh ag comhlíonadh a fheidhmeanna reachtúla agus go leanfaidh sé leis an maoiniú riachtanach a bheith aige chun é sin a chumasú.

Ag féachaint don mhéid sin roimhe seo, tá an Bord den tuairim gur féidir lena oibríochtaí leanúint ar aghaidh ar bhonn gnóthais leantaigh lena gcumhdaítear an tréimhse 12 mhí ó dháta sínithe ráitis airgeadais 2023.

**21. Faomhadh na ráiteas airgeadais**

D'fhaomh Bord an Bhoird Pleanála na ráitis airgeadais ar an 14 Márta 2024.

# Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur i láthair Thithe an Oireachtais

## An Bord Pleanála

### Tuairim ar na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Bhoird Pleanála don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 mar a éilítear faoi fhorálacha mhír 117 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000. San áireamh sna ráitis airgeadais tá:

- an ráiteas ioncaim agus caiteachais agus cúlchistí ioncaim coinnithe
- an ráiteas ioncaim chuimsithigh
- an ráiteas ar an staid airgeadais
- an ráiteas sreabhaidh airgid, agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar na beartais shuntasacha chuntasaíochta.

I mo thuairimse, tugtar sna ráitis airgeadais léargas cothrom agus fíor ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais an Bhoird Pleanála ar an 31 Nollaig 2023 agus ar a ioncam agus ar a chaiteachas do 2023 de réir Chaighdeán um Thuairisciú Airgeadais (CTA) 102 - *an Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais atá i gceist don Ríocht Aontaithe agus do Phoblacht na hÉireann.*

#### *Bunús leis an tuairim*

Thug mé faoin iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchta (CIIanna) mar a mholann an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar mo chuid freagrachtaí de réir na gcaighdeán sin san aguisín leis an tuairisc seo. Tá mise neamhspleách ón mBord Pleanála agus tá na freagrachtaí eile eiticiúla comhlíonta atá orm comhlíonta de réir na gcaighdeán.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchóireachta atá faighte agam chun bunús a thabhairt don tuairim seo.

### Tuairisc ar an eolas taobh amuigh de na ráitis airgeadais, agus ar cheisteanna eile

Tá eolas áirithe eile curtha i láthair ag an mBord Pleanála chomh maith leis na ráitis airgeadais. Is éard atá i gceist leis sin ná an tuarascáil bhliantúil, ráiteas rialachais agus tuairisc na gcomhaltaí Boird, agus ráiteas ar chúrsaí smachta inmheánaigh. Leagtar amach san aguisín leis an tuairisc seo mo chuidse freagrachtaí mar a bhaineann lena leithéid d'eolas agus ar cheisteanna faoi leith eile a ndéanaimh tuairisciú orthu mar eisceacht.

#### *Ceisteanna oibríochta ar mórchúis imní iad*

Léirítear sa ráiteas ar chúrsaí smachta inmheánaigh gur tháinig roinnt ceisteanna ar chúiseanna mórimní iad chun cinn maidir le gnó an Bhoird Pleanála le linn 2022. Coimisiúnaíodh roinnt athbhreithnithe agus tuarascálacha mar thoradh orthu seo. Leagtar amach sa ráiteas ar chúrsaí smachta inmheánaigh stádas na n-athbhreithnithe seo ar an dáta ar síníodh na ráitis airgeadais.

Seamus McCarthy

**Seamus McCarthy**
**Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

**30 Iúil 2024**

## Aguisín leis an tuarascáil

### Freagrachtaí na gComhaltaí Boird

Mar a leagtar amach sa ráiteas rialachais agus i dtuairisc na gcomhaltaí Boird, tá na comhaltaí Boird freagrach as

- ullmhú na ráiteas bliantúil airgeadais i bhfoirm a leagtar amach faoi mhír 117 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000
- a chinntiú go bhfuil na ráitis airgeadais cothrom agus fíor de réir CTA 102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- oiriúnacht bhunús cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh a mheas, agus
- an méid smacht inmheánach atá ag teastáil, dar leo, le gur féidir ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábharach, bíodh sé sin mar chalaois nó mar bhotún.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Is gá dom, faoi mhír 117 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais an Bhoird Pleanála agus tuairisc a thabhairt do Thithe an Oireachtais ina leith.

Is é an aidhm atá agam agus mé ag tabhairt faoin iniúchadh ná cinnteacht réasúnta a fháil maidir leis na ráitis airgeadais ina n-iomlána a bheith saor ó mhíráiteas ábharach, bíodh sé sin mar chalaois nó mar bhotún. Leibhéal ard cinnteachta is ea an chinnteacht réasúnta, ach ní deimhniú iomlán é go n-aithneofar aon mhíráiteas ábharach atá ann i gcónaí má dhéantar iniúchadh de réir na gCIlanna. Is féidir le míráitis a bheith mar thoradh ar chalaois nó ar bhotún agus meastar ábharach iad má mheastar go bhféadfaidís, astu féin nó le chéile, tionchar a imirt ar na cinntiú eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí bunaithe ar na ráitis airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na gCIlanna, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus amhras gairmiúil tríd an iniúchadh. Agus é sin á dhéanamh,

- Aithním agus déanaim measúnú ar na baoil míráiteas ábharach sna ráitis airgeadais, bíodh sé sin mar chalaois nó mar bhotún; déanaim cur chuige iniúchta a dhearadh agus a úsáid mar fhreagairt ar na baoil sin; agus faighim fianaise iniúchta atá dóthanach agus cuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Is mó baoil atá ann nach n-aithneofar míráiteas de thoradh calaoise ná míráiteas de thoradh botúin, mar d'fhéadfadh claonpháirteachas, brionnú, dearmaid d'aon turas, bréagléiriú nó sárú smachta inmheánaigh a bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar an smacht inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun cur chuige iniúchta a dhearadh atá oiriúnach don chomhthéacs, ach ní fhaighim an t-eolas sin ar mhaithe le tuairim a léiriú ar éifeacht an smachta inmheánaigh.
- Déanaim oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta agus réasúntacht na meastachán cuntasaíochta agus nochtuithe gaolmhara a mheas.
- Déanaim conclúidí maidir le hoiriúnacht bhunús cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas, ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil éiginnteacht ábharach ann mar a bhaineann le himeachtaí nó le coinníollacha a d'fhéadfadh cumas an Bhoird Pleanála leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach a chur in amhras. Má bhím den tuairim go bhfuil éiginnteacht ábharach ann, tá dualgas orm aird a tharraingt i mo thuairisc ar na nochtuithe gaolmhara sna ráitis airgeadais nó, murar leor na nochtuithe sin, mo thuairim a leasú. Bunaítear mo chuid conclúidí ar an bhfianaise iniúchta atá faighte go dáta mo thuairisce. D'fhéadfadh an Bord Pleanála gan leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach de bharr imeachtaí nó coinníollacha amach anseo, áfach.
- Déanaim cur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais a mheas, na nochtuithe san áireamh, agus déanaim measúnú ar cé acu an dtugtar nó nach dtugtar sna ráitis airgeadais léargas ar bhun-idirbhearta agus ar bhun-imeachtaí ar bhealach a chinntíonn cur i láthair cothrom.

Bím i dteagmháil leo siúd a bhíonn ag plé le rialachas maidir le scóip agus am an iniúchta agus torthaí suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon bhearna shuntasach i gcúrsaí smachta inmheánaigh a aithním le linn m'iniúchta, i measc ceisteanna eile.

Déanaim tuairisciú, go heisceachtúil, má bhím den tuairim

- Nach bhfuil an t-eolas nó na mínithe ar fad a theastaíonn uaim do m'iniúchadh faighte agam, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun iniúchadh ceart a dhéanamh ar na ráitis airgeadais, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

#### *Eolas taobh amuigh de na ráitis airgeadais*

Ní áirítear i mo thuairim ar na ráitis airgeadais an t-eolas eile a chuirtear i láthair sna ráitis sin, agus ní dhéanaim aon chonclúid deimhnithe ar a leithéid.

Mar a bhaineann le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, tá ceangal orm faoi na CIlanna an t-eolas eile a chuirtear i láthair a léamh agus, agus mé á dhéanamh sin, machnamh a dhéanamh ar an eolas eile agus an ea nach bhfuil sé ag teacht, ar bhealach ábharach, leis na ráitis airgeadais ná leis an eolas a fhaightear le linn an iniúchta, nó má bhíonn an chuma air go bhfuil míráiteas ábharach de chineál eile ann. Má mheasaim, bunaithe ar an obair atá curtha i gcrích agam, go mbaineann míráiteas leis an eolas eile seo, is gá dom é sin a thuairisciú.

#### *Tuairisciú ar cheisteanna eile*

Tugaim faoin iniúchadh faoi réir na gcoinníollacha faoi leith a bhaineann le gnóthais Stáit maidir lena mbainistiú agus lena n-oibríocht. Déanaim tuairisciú maidir le ceisteanna ábharacha a thugaim faoi deara a bhaineann leis an gcaoi a dtugtar faoi ghnó poiblí.

Déanaim iarracht teacht ar fhianaise maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Déanaim tuairisciú ar aon chás ábharach a aithním nuair nár úsáideadh airgead poiblí chun na gcríoch a leagadh amach dó nó nuair nár tháinig idirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.